RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/126 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Nollaig 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(8), Airteagal 13(3), Airteagal 37(5), Airteagal 38(5) agus Airteagal 39(3) agus Airteagal 45, pointí (a) go (i), Airteagal 56, pointí (a), (b) agus (c), agus Airteagal 84, pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/2115 leagtar síos creat dlíthiúil nua maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) chun cur leis an gcaoi a seachadtar comhlíonadh chuspóirí an Aontais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Sa Rialachán sin sonraítear a thuilleadh cuspóirí sin an Aontais lena mbaint amach ag an gcomhbheartas talmhaíochta agus sainítear ann na cineálacha idirghabhála mar aon le ceanglais choiteanna an Aontais is infheidhme maidir leis na Ballstáit, agus solúbthacht á fágáil faoi na Ballstáit i gceapadh na n-idirghabhálacha atá le soláthar ina bPlean Straitéiseacha CBT.

(2) Chun cineál coiteann CBT agus an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, le Rialachán (AE) 2021/2115 tugtar de chumhacht don Choimisiún ceanglais bhreise áirithe a ghlacadh maidir le ceapadh na n-idirghabhálacha atá le sonrú i bPleananna Straitéiseacha CAP, i réimse na n-íocaíochtaí díreacha, earnálacha talmhaíocha áirithe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus i réimse na forbartha tuaithe chomh maith le rialacha coiteanna maidir leis na réimsí sin a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC). Ní mór do na Ballstáit na ceanglais bhreise sin go léir a mheas agus iad ag ceapadh a bPleananna Straitéiseacha CBT lena gcumhdaítear gach réimse lena mbaineann agus ba cheart, dá bhrí sin, iad go léir a leagan síos sa Rialachán seo.

(3) A mhéid a bhaineann leis na hidirghabhálacha atá le sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, i réimse na n-íocaíochtaí díreacha, ba cheart ceanglais bhreise a leagan síos maidir leis na hidirghabhálacha a bhaineann le cnáib agus cadáis. Ba cheart deonú íocaíochtaí a bheith coinníollach ar shíolta deimhnithe de chineálacha áirithe cnáibe a úsáid.

(4) Ina theannta sin, ba cheart an nós imeachta a leagan síos chun cineálacha cnáibe a chinneadh agus fíorú a dhéanamh ar an gcion teitrihidreacannaibionóil (cion THC) dá dtagraítear in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115. Is gá an cion THC a fhíorú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ach tá sé straitéiseach freisin chun an tsláinte phoiblí a chaomhnú, agus chun comhleanúnachas a áirithiú le creataí reachtacha eile, eadhon an dlí coiriúil i réimse na gáinneála aindleathaí drugaí agus na ngealltanas faoi oibleagáidí idirnáisiúnta amhail an Coinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha ([3]). Is iomchuí dá bhrí sin rialacha a leagan síos lena gcomhchuibheofar na modhanna agus na nósanna imeachta a úsáideann na Ballstáit chun cineálacha cnáibe a fhíorú agus chun an cion THC sa chnáib a chinneadh go cainníochtúil, d'fhonn torthaí inchomparáide a áirithiú.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

([3]) https://www.unodc.org/unodc/en/treaties/single-convention.html

(5) Maidir le cnáib a fhástar le haghaidh snáithín, is gá foráil a dhéanamh maidir le tréimhse ama tar éis bláthú di nach bhféadfar í a bhuaint lena linn, ionas go bhféadfar an cion THC atá sa chnáib a chinneadh go héifeachtach agus go hiontaofa.

(6) Ar mhaithe le soiléireacht agus le deimhneacht dhlíthiúil, i gcás ina sáraíonn cineál an cion THC dá dtagraítear in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 ar feadh 2 bhliain as a chéile, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a chur in iúl go tráthúil do na hoibreoirí nach dtabharfaí de cheart dóibh íocaíochtaí díreacha a fháil dá ndéanfaí an cineál sin a shaothrú.

(7) Sna rialacha a bhaineann le cineálacha cnáibe a fhíorú agus leis an gcion THC a chinneadh go cainníochtúil, ba cheart a thabhairt san áireamh gur féidir cnáib a shaothrú mar phríomhbharr nó mar bharr breise. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí sainmhíniú a thabhairt ar chnáib a shaothraítear mar bharr breise.

(8) Déantar foráil i dTeideal III, Caibidil II, Roinn 3, Foroinn 2 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le híocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh an chadáis. Is iomchuí na rialacha agus na coinníollacha a leagan síos maidir le talamh talmhaíochta agus cineálacha a údarú chun críocha na híocaíochta sin. Ina theannta sin, ba cheart coinníollacha breise a leagan síos chun gníomhaíocht íosta a áirithiú i gcomhréir le cuspóir na tacaíochta.

(9) Ba cheart do na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2021/2115 eagraíochtaí idirchraoibhe táirgeoirí cadáis a fhormheas ar bhonn critéar oibiachtúil a bhaineann lena scála agus lena n-eagrúchán inmheánach. Ba cheart scála eagraíochta idirchraoibhe a shocrú, agus an ceanglas á chur san áireamh atá ar an scilligeoir cadáis a bhaineann leis an eagraíocht maidir lena bheith in ann cainníochtaí leordhóthanacha cadáis neamhscilligthe a sheachadadh.

(10) Mar chomhaltaí d'eagraíochtaí idirchraoibhe, ba cheart oibleagáidí sonracha i dtaca le feirmeoirí a leagan síos. Is é is aidhm do na hoibleagáidí sin riarachán agus rialú bhallraíocht feirmeoirí a éascú, chomh maith leis an méadú ar éifeachtúlacht na n-eagraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh líon agus thiomantas a gcomhaltaí a fheabhsú.

(11) A mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí, idirghabhálacha agra-chomhshaoil-aeráide, cóitseáil, cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht, cistí frithpháirteacha, úlloird, garráin ológ nó fíonghoirt a athphlandú tar éis grafa éigeantaigh, glasbhuaint agus neamhbhuaint, árachas buainte agus táirgthe, aistarraingtí ón margadh i gcás cinn scríbe seachas dáileadh saor in aisce agus comhstóráil, ba cheart ceanglais bhreise a leagan amach le haghaidh na n-idirghabhálacha atá le sonrú ag na Ballstáit, ina bPleananna Straitéiseacha CBT, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, sna hearnálacha ola olóige agus ológ boird chomh maith le hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115. Ina theannta sin, ba cheart forálacha a bhaineann le cineálacha tacaíochta agus cineálacha caiteachais, lena n-áirítear úsáid rátaí comhréidhe agus scálaí na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna, mar aon le costais riaracháin agus phearsanra a leagan síos. Ar chúiseanna na bainistíochta fónta airgeadais agus na deimhneachta dlíthiúla, ba cheart liosta caiteachais a tharraingt suas nach bhféadfar a chumhdach leis na Pleananna Straitéiseacha CAP agus liosta neamh-uileghabhálach caiteachais a tharraingt suas a fhéadfar a chumhdach in earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, na beachaireachta, an fhíona, na leannlusanna, na hola olóige agus na n-ológ boird mar aon le hearnálacha eile.

(12) Thairis sin, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le cineálacha áirithe idirghabhála de réir earnála, eadhon, in earnálacha na dtorthaí agus na nglasraí, na beachaireachta, an fhíona, na leannlusanna agus na mbeostoc, chun sainiúlachtaí áirithe na n-earnálacha sin a chur san áireamh.

(13) Maidir le cineálacha idirghabhála de réir earnála arna mbainistiú ag eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachais trasnáisiúnta eagraíochtaí táirgeoirí, nó grúpaí táirgeoirí trí chláir oibríochtúla, in earnálacha na dtorthaí agus nglasraí, na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnálacha eile, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir le cumhdach táirgí agus aistarraingtí ón margadh chun táirgí a dháileadh saor in aisce, eadhon costais iompair agus cóiriúcháin, agus tábhacht fhéideartha na hidirghabhála sin á cur san áireamh. Ba cheart uasleibhéil tacaíochta a shocrú go háirithe le haghaidh aistarraingt ón margadh chun a áirithiú nach asraon buan malartach do tháirgí a bheidh sna haistarraingtí seachas iad a chur ar an margadh. I ngach cás, ar chúiseanna comhchosúla, is iomchuí teorainn chainníochtúil a leagan síos i dtaca le haistarraingtí in aghaidh an táirge in aghaidh na heagraíochta táirgeoirí. Ina theannta sin, ba cheart rialacha sonracha a leagan síos maidir leis na cinn scríbe do na táirgí a tarraingíodh siar, na coinníollacha le haghaidh fhaighteoirí na dtáirgí a tarraingíodh siar agus na caighdeáin ábhartha a bheidh le comhlíonadh i dtaca le táirgí a tarraingíodh siar.

(14) Chun úsáid idirghabhálacha earnála a éascú trí chláir oibrióchtúla, ba cheart an modh a bhunú chun luach tháirgeadh na n-eagraíochtaí táirgeoirí a ríomh, lena n-áirítear ráta comhréidh a úsáid chun críche luach na dtorthaí agus na nglasraí atá beartaithe lena bpróiseáil a ríomh. I modh ríofa luach an táirgthe arna mhargú, ba cheart luaineachtaí bliantúla nó sonraí neamhleora a mhaolú le haghaidh eagraíochtaí nó grúpaí nua-aitheanta. Chun cosc a chur ar mhí-úsáid na scéime, níor cheart cead a bheith ag eagraíochtaí táirgeoirí athrú a dhéanamh, i gcoitinne, ar an modheolaíocht lena socraítear an tréimhse thagartha laistigh de thréimhse an chláir.

(15) D'fhonn dea-fheidhmiú na gcineálacha idirghabhála a áirithiú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, b'iomchuí cuspóirí sonracha a leagan síos i ndáil le hidirghabhálacha agra-chomhshaoil-aeráide.

(16) Ba cheart rialacha a leagan síos maidir leis an gcúnamh airgeadais náisiúnta a fhéadfaidh na Ballstáit a dheonú i réigiúin ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí torthaí agus glasraí thar a bheith íseal, lena n-áirítear rialacha maidir leis an gcaoi a ríomhtar an leibhéal eagrúcháin agus ina ndearbhaítear leibhéal íseal eagrúcháin.

(17) Chun dea-fheidhmiú na gcineálacha idirghabhála a áirithiú in earnáil na beachaireachta, ba cheart rialacha maidir le coirceoga beach a leagan síos.

(18) Chun dea-fheidhmiú na gcineálacha idirghabhála a áirithiú in earnáil an fhíona, is iomchuí liosta neamh-uileghabhálach a tharraingt suas d'oibreoirí, ar oibreoirí iad a fhéadfaidh a bheith ina dtairbhithe den tacaíocht le haghaidh na gcineálacha éagsúla idirghabhála. Is gá freisin foráil a dhéanamh maidir le roinnt ceanglas incháilitheachta sonrach a mhéid a bhaineann le tairbhithe de na cineálacha idirghabhála "fíonghort a athstruchtúrú agus a athchóiriú", "glasbhuaint" agus "árachas buainte", comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí agus cuideachtaí príobháideacha. Thairis sin, is iomchuí táirgeoirí a bhfuil planduithe neamhdhleathacha nó limistéir neamhúdaraithe plandaithe á saothrú acu a eisiamh ó thacaíocht an Aontais.

(19) Chun a áirithiú go gcaitear cistí an Aontais i gceart, is gá rialacha a leagan síos maidir le caiteachas a bhaineann le "fíonghoirt a athphlandú ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta" in earnáil an fhíona. Is iomchuí foráil a dhéanamh go háirithe maidir le caiteachas den sórt sin nach sárófar méid áirithe den chaiteachas bliantúil iomlán a d'íoc an Ballstát lena mbaineann in aon bhliain airgeadais ar leith as fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú. Ba cheart a shoiléiriú freisin nár cheart na costais a bhaineann le grafadh agus le cúiteamh an ioncaim a ligtear thar ceal a bheith ina gcaiteachas incháilithe faoin idirghabháil seo, ar idirghabháil í nach bhfuil d'aidhm aici ach tacú leis na costais a bhaineann le hathphlandú tar éis bearta fíteashláintíochta éigeantacha.

(20) Chun críoch idirghabhálacha a bhaineann le "fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú" agus le "glasbhuaint", is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le limistéir a thomhas, go háirithe an méid a chomhfhreagraíonn don limistéar ina bhfuil fíniúnacha curtha, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis i gcás ina n-íoctar tacaíocht ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid bunaithe ar limistéar.

(21) Chun dea-fheidhmiú na gcineálacha idirghabhála a áirithiú in earnáil na leannlusanna, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le cúnamh airgeadais an Aontais a ríomh.

(22) Chun dea-fheidhmiú na gcineálacha idirghabhála a áirithiú in earnáil an bheostoic, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le hathstocáil le beostoc tar éis iad a mharú go héigeantach nó i ngeall ar chaillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha.

(23) Na coinníollacha is infheidhme maidir le gealltanais i leith pórtha agus cineálacha plandaí feirme atá i mbaol ó chreimeadh géiniteach a chaomhnú, agus gníomhaíochtaí maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe, agus forbairt acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, ba cheart iad a bheith ina gcuidiú le cuspóirí sonracha CBT a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (d), (e) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/2115 a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid. Sna cuspóirí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le cosaint, caomhnú agus cur chun cinn na héagsúlachta géinití a áirithiú go háirithe.

(24) Ba cheart leibhéil leasa ainmhithe a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a ghabhann orthu féin caighdeáin níos airde a ghlacadh maidir le feirmeoireacht ainmhithe, caighdeáin a théann níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha ábhartha. I gcás ina ndéantar gealltanais maidir le leas ainmhithe chun foráil a dhéanamh maidir le caighdeáin uasghrádaithe ó thaobh modhanna táirgthe de, ba cheart na réimsí a shainiú. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart forluí a sheachaint idir na gealltanais sin maidir le leas ainmhithe agus cleachtais chaighdeánacha feirmeoireachta, go háirithe vacsaíniú chun paiteolaíochtaí a chosc.

(25) Le scéimeanna cáilíochta aitheanta náisiúnta is féidir dearbhuithe a thabhairt do thomhaltóirí maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge nó maidir leis an bpróiseas táirgthe. Critéir maidir le sainiúlacht an táirge deiridh, rochtain ar an scéim, fíorú sonraíochtaí ceangailteacha táirgí, trédhearcacht na scéime agus inrianaitheacht na dtáirgí, ba cheart iad a leagan síos d'fhonn a dtacaíocht a bharrfheabhsú faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe. Ós rud é go bhfuil saintréithe speisialta ag cadás mar tháirge feirme, ba cheart scéimeanna cáilíochta náisiúnta don chadás a chumhdach freisin.

(26) D'fhonn tacú le scéimeanna deonacha deimhniúcháin le haghaidh táirgí talmhaíochta atá aitheanta ag na Ballstáit faoi idirghabhálacha forbartha tuaithe agus atá ailínithe le hidirghabhálacha earnála, ba cheart critéir oibiachtúla áirithe a leagan síos.

(27) D'fhonn cothroime iomaíochta a áirithiú a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC) dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart rialacha a chur ar fáil le haghaidh an mhodha lena gcinnfear an cóimheas tagartha agus cóimheas bliantúil an fhéaraigh bhuain araon, mar aon leis an leibhéal ar ar féidir iad sin a bhunú.

(28) D'fhonn a áirithiú go gcosnófar an sciar den fhéarthalamh buan, is iomchuí freisin a leagan síos gur cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar limistéir a thiontú an athuair i gcás ina bhfuil an sciar den fhéarthalamh buan laghdaithe faoi bhun na teorann 5 %. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maoluithe, áfach, le haghaidh na gcásanna ina bhfanann limistéar iomlán an fhéarthalaimh bhuain réasúnta cobhsaí nó ina laghdaítear ar an sciar faoi bhun na tairsí de thoradh aistrithe limistéir ar chúiseanna cuspóirí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid, foraoisiú agus athfhliuchadh limistéar go háirithe.

(29) Ós rud é gur gá do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a chur san áireamh agus a bPleananna Straitéiseacha CBT á bhforbairt acu, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

ÁBHAR

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo forlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála, arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027:

(i) i bhfoirm íocaíochtaí díreacha chun cnáib agus cadás a shaothrú;

(ii) sna hearnálacha talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115;

(iii) le haghaidh acmhainní géiniteacha agus leas ainmhithe faoi chuimsiú gealltanais chomhshaoil agus aeráide agus gealltanais bainistíochta eile agus le haghaidh scéimeanna cáilíochta i réimse na forbartha tuaithe;

(b) rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC).

TEIDEAL II

CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE CINEÁLACHA ÁIRITHE IDIRGHABHÁLA I bhFOIRM ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA

CAIBIDIL I

Cnáib

Airteagal 2

Ceanglais incháilitheachta bhreise

Agus na sainmhínithe dá bhforáiltear in hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 á gcur fáil ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT, déanfaidh siad deonú na n-íocaíochtaí as táirgeadh na cnáibe coinníollach ar úsáid síolta de chineálacha cnáibe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá siad liostaithe sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha de Speicis Plandaí Talmhaíochta an 15 Márta na bliana a ndéantar an íocaíocht a dheonú agus a fhoilsiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2002/53/CE ón gComhairle ([4]);

(b) níor sháraigh a gcion Δ9-teitrihidreacannaibionóil (dá ngairtear "cion THC" anseo feasta) ar feadh 2 bhliain as a chéile an teorainn mar a leagtar síos in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115;

(c) tá siad deimhnithe i gcomhréir le Treoir 2002/57/CE ([5]) ón gComhairle nó i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2008/62/CE ([6]) ón gCoimisiún i gcás cineálacha caomhnaithe.

Airteagal 3

Cineálacha cnáibe a fhíorú agus cion THC a chinneadh go cainníochtúil

1. Bunóidh na Ballstáit córas fíorúcháin chun an cion THC i gcineálacha cnáibe a chinneadh, rud a fhágfaidh gur féidir leo an modh a chur i bhfeidhm chun cineálacha cnáibe a fhíorú agus chun an cion THC i gcineálacha cnáibe a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chinneadh go cainníochtúil.

2. Coinneoidh údarás inniúil an Bhallstáit na taifid a bhaineann le torthaí an chion THC. Áireofar sna taifid sin, i gcás gach cineáil, na torthaí i dtéarmaí cion THC ó gach sampla ar a laghad arna shloinneadh mar chéatadán go dtí dhá ionad dheachúla, an nós imeachta a úsáideadh, líon na dtástálacha a rinneadh, léiriú ar an bpointe ar tógadh an sampla agus bearta a glacadh ar an leibhéal náisiúnta.

3. Má tá meán na samplaí uile de chineál ar leith níos mó ná an cion THC a leagtar síos in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, úsáidfidh na Ballstáit nós imeachta B a thuairiscítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh an chineáil lena mbaineann le linn na bliana éilimh dár gcionn. Úsáidfear an nós imeachta sin le linn na gcéad bhlianta éilimh eile mura bhfuil na torthaí anailíseacha ar fad don chineál atá i gceist faoi bhun an chion THC a leagtar síos in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115.

([4]) Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis plandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1).

([5]) Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74).

([6]) Treoir 2008/62/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe chun glacadh le pórtha dúchasacha agus cineálacha talmhaíochta atá curtha in oiriúint do na coinníollacha áitiúla agus réigiúnacha atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus chun síolta agus prátaí síl ó na pórtha dúchasacha agus na cineálacha sin a mhargú (IO L 162, 21.6.2008, lch. 13).

4. Más rud é, don dara bliain, gur mó meán na samplaí uile de chineál ar leith ná an cion THC a leagtar síos in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún maidir le hainm an chineáil lena mbaineann faoin 15 Eanáir na bliana éilimh ina dhiaidh sin ar a dhéanaí. Ag tosú ón mbliain éilimh sin, ní eascróidh an ceart chun íocaíochtaí díreacha a fháil sa Bhallstát lena mbaineann as saothrú an chineáil ar leith.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear in iúl go tráthúil do tháirgeoirí cnáibe ainmneacha na gcineálacha cnáibe atá neamh-incháilithe le haghaidh íocaíocht dhíreach i gcomhréir le hAirteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 tar éis fógra a fháil de bhun mhír 4 den Airteagal seo tríd an bhfaisnéis sin a chur in iúl don phobal tráth nach déanaí ná an dáta chun an t-iarratas aonair a chur isteach.

Airteagal 4

Barr breise

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn "cnáib a shaothraítear mar bharr breise" barr cnáibe a cuireadh tar éis an 30 Meitheamh i mbliain ar leith.

Airteagal 5

Ceanglais maidir le saothrú

Leanfar de bharra cnáibe a shaothrú faoi ghnáthchoinníollacha fáis i gcomhréir le cleachtas áitiúil ar feadh 10 lá ar a laghad ón dáta a dtagann deireadh leis an mbláthú ionas gur féidir na seiceálacha is gá a dhéanamh chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

Cnáib a shaothraítear mar bharr breise, leanfar dá saothrú faoi ghnáthchoinníollacha fáis i gcomhréir le cleachtas áitiúil go dtí deireadh na tréimhse fáis ar a luaithe.

Féadfaidh na Ballstáit buain na cnáibe a údarú roimh dheireadh na tréimhse 10 lá tar éis an bhláthaithe, ar choinníoll gur i ndiaidh tús an bhláthaithe a rinneadh an bhuain agus go léiríonn na cigirí cé na codanna ionadaíocha de gach plásóg lena mbaineann a leanfar dá saothrú go ceann 10 lá ar a laghad tar éis dheireadh an bhláthaithe chun críoch cigireachta, i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

CAIBIDIL II

Cadás

Airteagal 6

Údarú talamh talmhaíochta le haghaidh táirgeadh cadáis

I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfar critéir oibiachtúla a bhunú ar bhonn na talún talmhaíochta a údaraítear de bhun Airteagal 37(3) den Rialachán sin.

Déanfar na critéir sin a bhunú ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

(a) geilleagar talmhaíochta na réigiún sin inar príomhbharr é an cadás;

(b) an ithir agus an aeráid sna réimsí atá i gceist;

(c) bainistíocht uisce an uiscithe;

(d) córais uainíochta agus modhanna saothraithe lenar dócha go n-urramófar an comhshaol.

Airteagal 7

Údarú cineálacha lena gcur

I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2021/2115, leagfaidh siad amach cé na cineálacha, iad cláraithe sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha de Speicis Plandaí Talmhaíochta dá bhforáiltear i dTreoir 2002/53/CE agus iad curtha in oiriúint dá riachtanais mhargaidh, a údaraítear lena gcur.

Airteagal 8

Coinníollacha breise maidir leis an íocaíocht i leith barr sonrach as cadáis a fháil

Maidir leis na híocaíochtaí i leith barr sonrach dá dtagraítear in Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, i bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 36 den Rialachán sin, leagfaidh siad amach íosdlús plandaí ar an limistéar ar a bhfuil curtha arna shocrú ar bhonn dhálaí na hithreach agus na haimsire agus, i gcás inarb iomchuí, saintréithe sonracha réigiúnacha.

Airteagal 9

Eagraíochtaí idirchraoibhe a fhormheas

1. Is é an Ballstát ina bhfuil na scilligeoirí cadáis bunaithe a dhéanfaidh formheas na heagraíocht idirchraoibhe de réir bhrí Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 a dheonú agus ar feadh tréimhse bliana, ag tosú in am trátha roimh shéasúr curtha na bliana sin, ar choinníoll go gcomhlíonann an eagraíocht na critéir seo a leanas:

(a) cumhdaíonn sé limistéar iomlán 4 000 ha ar a laghad, ar limistéar é a chomhlíonann na critéir údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo;

(b) tá rialacha inmheánacha oibríochta glactha aici, maidir le coinníollacha agus táillí ballraíochta go háirithe, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta.

2. I gcás ina bhfaighfear amach nach gcomhlíonann eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta na critéir formheasa dá bhforáiltear i mír 1 a thuilleadh, an Ballstát a dheonaigh an formheas, déanfaidh sé an formheas a tharraingt siar, ach amháin má dhéantar an neamhchomhlíontacht a leigheas laistigh de sprioc-am f ag an mBallstát sa chinneadh um tharraingt siar. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fhreagraigh fógra don eagraíocht idirchraoibhe faoina rún formheas a tharraingt siar, mar aon leis na cúiseanna leis an tarraingt siar, roimh ré. Tabharfaidh sé an deis don eagraíocht idirchraoibhe a barúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse a shonrófar san fhógra maidir leis an tarraingt siar atá beartaithe.

Feirmeoirí ar baill iad d'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta a ndéantar a formheas a tharraingt siar i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, ní bheidh siad incháilithe an méadú íocaíochta i leith barr sonrach a fháil le haghaidh cadáis de bhun Airteagal 40(2) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Airteagal 10

Oibleagáidí ar fheirmeoirí a tháirgeann cadás

1. Ní bheidh feirmeoir ina chomhalta de níos mó ná eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta amháin dá dtagraítear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. Aon fheirmeoir atá ina chomhalta d'eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta, ní thabharfaidh sé cadás ach do scilligeoir cadáis de chuid na heagraíochta céanna sin amháin.

3. Is de thoradh ballraíocht dheonach in eagraíocht idirchraoibhe fhormheasta a bheidh rannpháirtíocht feirmeoirí.

TEIDEAL III

CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLA ÁIRITHE SNA hEARNÁLACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 42 DE RIALACHÁN (AE) 2021/2115

CAIBIDIL I

Rialacha coiteanna is infheidhme maidir le hidirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus sna hearnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115

Roinn 1

Rialacha coiteanna maidir le hinfheistíochtaí, cineálacha idirghabhála agra-chomhshaoil-aeráide, cóitseáil, cur chun cinn agus cumarsáid, cistí frithpháirteacha, athphlandú, glasbhuaint agus neamhbhuaint, árachas buainte, aistarraingtí ón margadh agus stóráil le chéile

Airteagal 11

Infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe

1. I gcás ina gcuireann na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe mar a fhoráiltear in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ agus in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) úsáidfear na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe de réir an chineáil, na gcuspóirí agus na húsáide atá beartaithe ag an tairbhí, mar a thuairiscítear in idirghabhálacha gaolmhara an Phlean Straitéisigh CBT agus i gcás inarb ábhartha sa chlár oibríochtúil formheasta;

(b) gan dochar do mhír 10, fanfaidh na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a fuarthas faoi úinéireacht agus i seilbh an tairbhí go dtí deireadh na tréimhse dímheasa airgeadais nó le linn tréimhse 5 bliana ar a laghad, tréimhse a bheidh le socrú ag na Ballstáit agus cineál na sócmhainní á chur san áireamh. Ríomhfar na tréimhsí sin amhail ón dáta a fuarthas an tsócmhainn nó amhail ón dáta a cuireadh an tsócmhainn ar fáil don tairbhí.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse níos giorra ar lena linn a fhanfaidh an tsócmhainn faoi úinéireacht agus i seilbh an tairbhí, ach tréimhse nach lú ná 3 bliana a bheidh sa tréimhse sin chun infheistíochtaí agus poist a chothabháil, ar infheistíochtaí agus poist iad a chruthaítear le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón gCoimisiún ([7]).

Maidir leis na hinfheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfar iad ag áitreabh an tairbhí nó, i gcás inarb ábhartha, ag áitreabh a chomhaltaí ar táirgeoirí iad nó ag áitreabh a fhochuideachtaí agus an ceanglas 90 % dá dtagraítear in Airteagal 31(7) den Rialachán seo á chomhlíonadh. Mar sin féin, in earnáil na beachaireachta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe a dhéantar lasmuigh d'áitreabh an tairbhí.

I gcás ina ndéantar an infheistíocht ar thalamh atá ar cíos faoi rialacha maoine sonracha náisiúnta, féadfaidh gan feidhm a bheith ag an gceanglas de bheith faoi úinéireacht an tairbhí ar choinníoll go raibh an tsócmhainn i seilbh an tairbhí ar feadh na tréimhse a cheanglaítear i mír (b) den chéad fhomhír ar a laghad.

2. I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát, féadfaidh siad foráil a dhéanamh go bhféadfar tacaíocht d'infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe a mhaoiniú, lena n-áirítear na sócmhainní sin faoi chonarthaí léasúcháin, in aon mhéid amháin nó ina dtráthchodanna a formheasadh, i gcás inarb ábhartha, sa chlár oibríochtúil nó mar a shonraíonn na Ballstáit amhlaidh sna hidirghabhálacha ábhartha.

([7]) Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánméide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

Maidir leis an tréimhse le haghaidh infheistíocht ar leith dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina mairfidh an tréimhse sin níos faide ná tréimhse an chláir oibríochtúil, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar í a thabhairt anonn chuig clár oibríochtúil ina dhiaidh sin.

I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát, i gcás ina ndéanann siad foráil maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, lena saothraítear na cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide dá dtagraítear in Airteagail 46, pointí (e) agus (f), agus 57, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115, saothrófar ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 12(1) den Rialachán seo leis na hinfheistíochtaí sin.

3. I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát, féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe ina bhfuil córais lena ngintear fuinneamh ar choinníoll nach mó an méid fuinnimh a ghintear ná an méid fuinnimh is féidir a úsáid ar bhonn bliantúil le haghaidh ghnáthghníomhaíochtaí an tairbhí.

4. I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát, féadfaidh siad foráil a dhéanamh maidir le hinfheistíochtaí in uisciú ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

(a) socrófar céatadáin le haghaidh spriocanna íosta maidir le coigilteas uisce, i dtéarmaí laghdú ar úsáid uisce a d'fhéadfadh a bheith ann agus i dtéarmaí laghdú éifeachtach ar úsáid uisce, céatadáin a bheidh le baint amach ag tairbhí na tacaíochta, agus a bheidh faoi réir é a bheith léirithe i bPlean Straitéiseach CBT gur cinneadh na spriocanna sin maidir le coigilteas uisce agus na riachtanais a leagtar amach sna pleananna bainistíochta abhantraí dá dtagraítear i dTreoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) á gcur san áireamh;

(b) beidh córas méadraithe uisce i bhfeidhm lena gcumasófar úsáid uisce a thomhas ar leibhéal an ghabháltais nó ar leibhéal an aonaid táirgthe ábhartha nó go gcuirfear i bhfeidhm é mar chuid den infheistíocht;

(c) i gcás infheistíochtaí sonracha in uisciú dá dtagraítear i míreanna 5 go dtí 8, go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sna míreanna sin.

5. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí chun suiteáil uisciúcháin atá ann cheana nó cuid de bhonneagar uisciúcháin a fheabhsú faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanfaidh an tairbhí measúnú *ex-ante* orthu mar infheistíochtaí lena léirítear go bhféadfaí coigilteas a dhéanamh ar uisce dá mbarr, rud a léiríonn paraiméadair theicniúla na suiteálacha nó na mbonneagar atá ann cheana;

(b) déanfaidh na hinfheistíochtaí difear do dhobharlaigh screamhuisce nó uisce dromchla ar sainaithníodh sa phlean bainistíochta abhantraí ábhartha dá bhforáiltear i dTreoir 2000/60/CE gur lú ná maith a stádas ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce, agus bainfear laghdú éifeachtach ar úsáid uisce amach lena rannchuideofar le dea-stádas na ndobharlach sin a bhaint amach, mar a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Treoir sin.

Maidir leis na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ní bheidh feidhm acu maidir le hinfheistíochtaí a dhéantar chun tacú le suiteáil uisciúcháin nó cuid de bhonneagar uisciúcháin atá ann cheana a fheabhsú, infheistíochtaí a bhaineann le taiscumar a chruthú nó infheistíochtaí a bhaineann le huisce athshlánaithe a úsáid nach ndéanann difear do dhobharlach screamhuisce nó uisce dromchla.

6. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí in uisciú as a dtiocfaidh méadú glan ar an limistéar uiscithe a dhéanann difear do dhobharlach áirithe screamhuisce nó uisce dhromchla faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní shainaithneofar sa phlean bainistíochta abhantraí ábhartha gur lú ná maith stádas an dobharlaigh ar chúiseanna a bhaineann le cainníocht uisce;

(b) léireofar le hanailís ar an tionchar comhshaoil nach mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an infheistíocht ar an gcomhshaol; déanfaidh an t-údarás inniúil an anailís sin ar an tionchar comhshaoil nó déanfaidh sé í a fhormheas.

7. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí in úsáid uisce athshlánaithe mar sholáthar uisce malartach ar choinníoll go mbeidh úsáid an uisce sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]).

([8]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32).

8. Féadfar foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí i gcruthú nó i leathnú taiscumair chun críoch an uisciúcháin ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach suntasach ar an gcomhshaol mar thoradh air.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil ón tairbhí, i gcás ina dtarlóidh aon cheann de na cásanna seo a leanas laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b):

(a) gníomhaíochtaí an tairbhí a scor nó aistriú chuig eintiteas eile;

(b) gníomhaíocht tháirgiúil a athlonnú taobh amuigh den limistéar geografach saothraithe ag an tairbhí nó, i gcás inarb ábhartha, ag a chomhaltaí;

(c) athrú úinéireachta, go háirithe i gcás ina dtugtar buntáiste míchuí do ghnólacht nó do chomhlacht poiblí dá bharr; nó

(d) aon athrú mór eile a dhéanann difear do chineál, do chuspóirí nó do choinníollacha cur chun feidhme na hidirghabhála lena mbaineann, athrú lena mbainfí an bonn dá bunchuspóirí dá thoradh.

I gcás nach gcomhlíonfaidh an tairbhí na coinníollacha dá bhforáileann na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT ar bhonn mhíreanna 1 go dtí 8 agus ar bhonn na chéad fhomhíre den mhír seo, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil i gcomhréir le fad na neamh-chomhlíontachta.

Féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan an cúnamh airgeadais ón Aontas a aisghabháil i gcás ina scoirfidh an tairbhí de ghníomhaíocht tháirgiúil de dheasca féimheachta neamhchalaoisí.

Má fhágann comhalta ar táirgeoir é a eagraíocht nó a ghrúpa táirgeoirí, áiritheoidh na Ballstáit go n-aisghabhfaidh an tairbhí an infheistíocht nó a luach iarmharach agus go gcuirfear a luach iarmharach leis an gciste oibríochtúil.

In imthosca a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach gceanglófar ar an tairbhí an infheistíocht nó a luach iarmharach a aisghabháil.

10. Maidir le sócmhainní ar tugadh tacaíocht d'infheistíochtaí ina leith, i gcás ina ndéanfar iad a athsholáthar, déanfar an méid seo a leanas le luach iarmharach na n-infheistíochtaí arna n-athsholáthar:

(a) cuirfear le ciste oibriúcháin na heagraíochta táirgeoirí é; nó

(b) déanfar é a dhealú ó chostas an athsholáthair.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, ní féidir leis na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le sócmhainní comhionanna a chur in ionad infheistíochtaí.

11. Ní dhéanfaidh na Ballstáit foráil maidir le tacaíocht d'infheistíochtaí a shonraítear mar idirghabhálacha ina bPleananna Straitéiseacha CBT, má fhaigheann na hidirghabhálacha sin tacaíocht de bhun Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (h) go (k), den Rialachán sin.

Airteagal 12

Idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha lena saothrófar cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ agus in hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT go saothrófar ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear:

(a) laghdú a bhaint amach ar úsáid reatha ionchur táirgthe, ar astú truailleán nó ar dhramhaíl ón bpróiseas táirgthe;

(b) úsáid foinsí fuinnimh iontaise a athsholáthar le foinsí fuinnimh in-athnuaite;

(c) laghdú a bhaint amach ar na rioscaí comhshaoil a bhaineann le húsáid ionchur táirgthe áirithe nó le táirgeadh iarmhar áirithe, lena n-áirítear táirgí cosanta plandaí, leasacháin, aoileach nó faecas ainmhithe eile;

(d) laghdú ar úsáid uisce;

(e) nasc a bheith acu le hinfheistíochtaí neamhtháirgiúla a theastaíonn chun na cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a bhaint amach, go háirithe i gcás ina mbaineann na cuspóirí sin le gnáthóga agus an bhithéagsúlacht a chosaint;

(f) laghdú éifeachtach agus intomhaiste ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ceapadh carbóin marthanach a bheith ann;

(g) athléimneacht an táirgthe a mhéadú i leith rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, amhail creimeadh ithreach;

(h) caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha a bhaint amach; nó

(i) cosaint an chomhshaoil nó feabhas ar an gcomhshaol a bheith mar thoradh orthu.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh tairbhithe fianaise ar fáil ar a mhéid a mheastar go ndéanfar rannchuidiú dearfach le cuspóir comhshaoil amháin nó níos mó tráth a dhéanfar an clár oibríochtúil a mholtar, an idirghabháil nó an leasú ar chlár nó ar idirghabháil den sórt sin a chur isteach lena bhformheas.

2. Maidir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i mír 1, déanfar iad ag áitreabh an tairbhí nó, i gcás inarb ábhartha, ag áitreabh a chomhaltaí ar táirgeoirí iad nó ag áitreabh a fhochuideachtaí agus an ceanglas 90 % dá dtagraítear in Airteagal 31(7) den Rialachán seo á chomhlíonadh. Mar sin féin, in earnáil na beachaireachta, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir leis na hidirghabhálacha sin a dhéantar lasmuigh d'áitreabh an tairbhí. Maidir le tairbhe agus tionchar breise na hidirghabhála a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a bhfuil coinne leo, ní mór iad sin a léiriú *ex-ante* trí shonraíochtaí tionscadail nó trí dhoiciméid theicniúla eile a bheidh le cur ar fáil ag an tairbhí tráth a dhéanfar an oibríocht, an clár oibríochtúil nó leasú ar an gclár sin nó ar an oibríocht sin a chur isteach lena bhformheas, lena léireofar na torthaí a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chur chun feidhme na hidirghabhála.

3. Agus an caiteachas a bheidh le cumhdach á chinneadh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na costais bhreise a thabhaítear agus ioncam a tharscaoiltear de thoradh na n-idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide a cuireadh chun feidhme, agus na spriocanna a socraíodh.

4. Áiritheoidh na Ballstáit maidir le tairbhithe a chuireann idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide chun feidhme go mbeidh rochtain acu ar an eolas agus ar an bhfaisnéis ábhartha is gá chun na hidirghabhálacha sin a chur chun feidhme, agus go gcuirfear oiliúint iomchuí ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sí uathu, mar aon le rochtain ar shaineolas chun cabhrú le feirmeoirí a thugann gealltanas a gcórais táirgthe a athrú.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar foráil sna cláir oibríochtúla maidir le clásal athbhreithnithe le haghaidh oibríochtaí a chuirtear chun feidhme faoi idirghabhálacha a bhaineann le cuspóirí agra-chomhshaoil-aeráide in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, agus in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, chun a áirithiú go ndéanfar iad a choigeartú i gcás leasuithe ar aon chaighdeáin, ar aon cheanglais nó ar aon oibleagáidí sainordaitheacha ábhartha.

Airteagal 13

An Chóitseáil

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha cóitseála in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ, nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT go saothrófar ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear:

(a) dea-chleachtais a bhaineann le hidirghabhálacha coiscthe géarchéime agus idirghabhálacha bainistithe géarchéime a mhalartú lena gcuideofar leis an tairbhí leas a bhaint as an taithí ar idirghabhálacha coiscthe géarchéime agus ar idirghabhálacha bainistithe riosca a chur chun feidhme;

(b) bunú eagraíochtaí táirgeoirí nua a chur chun cinn, eagraíochtaí táirgeoirí atá ann cheana a chumasc nó é a chur ar a gcumas do tháirgeoirí aonair páirt a ghlacadh in eagraíocht táirgeoirí atá ann cheana mar aon le comhairle a chur ar eagraíochtaí táirgeoirí maidir leis an mbealach a bhféadfaidh siad an t-aitheantas a fháil mar eagraíocht táirgeoirí de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013;

(c) deiseanna líonraithe a chruthú do sholáthraithe agus d'fhaighteoirí cóitseála, go háirithe bealaí margaíochta mar mhodh coiscthe géarchéime agus mar mhodh bainistithe géarchéime.

2. Eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó grúpa táirgeoirí a bheidh sa soláthraí cóitseála. Tairbheoidh soláthraí na cóitseála den tacaíocht don idirghabháil chóitseála.

3. Eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó grúpa táirgeoirí, na comhaltaí aonair nó neamh-chomhaltaí aonair, ar táirgeoirí iad, d'eagraíocht táirgeoirí, dá comhlachais nó dá grúpa táirgeoirí a bheidh i bhfaighteoir na cóitseála.

4. Íocfar na costais incháilithe uile a bhaineann leis an ngníomhaíocht cóitseála leis an soláthraí cóitseála a chuireann an idirghabháil sin san áireamh ina chlár oibríochtúil.

5. Ní dhéanfar idirghabhálacha cóitseála a sheachfhoinsiú.

Airteagal 14

Cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht

I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha cur chun cinn, cumarsáide agus margaíochta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT go saothrófar ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas leis na hidirghabhálacha a chumhdaítear:

(a) feasacht a mhéadú maidir le fiúntais tháirgí talmhaíochta an Aontais agus leis na caighdeáin arda is infheidhme maidir lena modhanna táirgthe san Aontas;

(b) iomaíochas agus tomhaltas tháirgí talmhaíochta an Aontais agus táirgí próiseáilte áirithe a tháirgtear san Aontas a mhéadú agus a bpróifíl laistigh agus lasmuigh den Aontas a ardú le haghaidh earnálacha seachas earnáil an fhíona;

(c) feasacht a mhéadú faoi scéimeanna cáilíochta an Aontais laistigh agus lasmuigh den Aontas;

(d) sciar mhargadh an Aontais de tháirgí talmhaíochta agus de tháirgí próiseáilte áirithe a tháirgtear san Aontas a mhéadú, ag díriú go sonrach ar na margaí i dtríú tíortha a bhfuil an acmhainneacht fáis is airde acu;

(e) rannchuidiú, i gcás inarb ábhartha, le gnáth-dhálaí an mhargaidh a athbhunú i margadh an Aontais i gcás ina mbeadh suaitheadh tromchúiseach sa mhargadh, laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí nó fadhbanna sonracha eile;

(f) feasacht a mhéadú maidir le táirgeadh inbhuanaithe;

(g) feasacht tomhaltóirí a mhéadú maidir le brandaí agus trádmharcanna eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí;

(h) na margaí a éagsúlú, a oscailt agus a chomhdhlúthú le haghaidh fhíonta an Aontais i dtríú tíortha agus feasacht a mhéadú maidir le cáilíochtaí intreacha fhíonta an Aontais ar na margaí sin. Ní fhéadfar tagairt do thionscnamh fíona nó do bhrandaí fíona a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlánófar cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht fhíonta an Aontais i dtríú tíortha leis an tagairt sin;

(i) tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le fíon a thomhailt ar bhealach freagrach. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh suaitheantas an Aontais ar ábhar fógraíochta le haghaidh cur chun cinn cineálach agus cur chun cinn lipéad cáilíochta agus go mbeidh an ráiteas seo a leanas air: "Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach". Taispeánfar an suaitheantas agus an ráiteas cistiúcháin i gcomhréir leis na saintréithe teicniúla a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 821/2014 ón gCoimisiún ([10]).

Airteagal 15

Cistí frithpháirteacha

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha cistí frithpháirteacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ, nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil maidir leis na coinníollacha cur chun feidhme le haghaidh an chostais riaracháin a bhaineann le cistí frithpháirteacha a bhunú, a líonadh agus, i gcás inarb iomchuí, a athlíonadh.

2. Is é an cúnamh airgeadais ón Aontas agus an ranníocaíocht ón tairbhí a bheidh sa chaiteachas incháilithe ar an gcostas riaracháin a bhaineann le cistí frithpháirteacha a bhunú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ, nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115. Ní rachaidh méid an chaiteachais incháilithe thar 20 %, 16 % nó 8 % de ranníocaíocht an tairbhí le caipiteal an chiste fhrithpháirtigh sa chéad bhliain, sa dara bliain nó sa tríú bliain a bheidh sé i bhfeidhm, faoi seach.

3. Maidir leis an gcostas riaracháin a bhaineann le cistí frithpháirteacha a bhunú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ, nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ní fhéadfaidh tairbhí tacaíocht a fháil le haghaidh an chostais sin ach uair amháin agus laistigh de na chéad 3 bliana d'fheidhmiú an chiste fhrithpháirtigh amháin.

I gcás nach ndéanann tairbhí iarratas ar an tacaíocht sin ach sa dara bliain nó sa tríú bliain d'fheidhmiú na gcistí frithpháirteacha, 16 % nó 8 % de ranníocaíocht an tairbhí le caipiteal an chiste fhrithpháirtigh sa dara nó sa tríú bliain dá fheidhmiú, faoi seach, a bheidh sa tacaíocht sin.

4. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha cistí frithpháirteacha in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (l), de Rialachán (AE) 2021/2115, cuirfidh siad teorainn leis an tacaíocht ón Aontas le haghaidh an chostais riaracháin a bhaineann le cistí frithpháirteacha a bhunú in earnáil an fhíona le haghaidh na méideanna seo a leanas:

(a) 20 % de ranníocaíocht na dtáirgeoirí leis an gciste frithpháirteach sa chéad bhliain;

(b) 16 % de ranníocaíocht na dtáirgeoirí leis an gciste frithpháirteach sa dara bliain;

(c) 8 % de ranníocaíocht na dtáirgeoirí leis an gciste frithpháirteach sa tríú bliain.

Ní rachaidh an tréimhse tacaíochta thar 3 bliana.

Airteagal 16

Úlloird, garráin ológ nó fíonghoirt a athphlandú tar éis grafadh éigeantach

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird, in earnáil an fhíona nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, i bhfoirm úlloird, garráin ológ nó fíonghoirt a athphlandú tar éis grafadh éigeantach ar chúiseanna sláinte nó físeashláintíochta nó, i gcás úllord agus garrán ológ, chun oiriúnú don athrú aeráide, áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh na tairbhithe Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus na hidirghabhálacha seo á gcur chun feidhme acu.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 821/2014 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe i leith aistriú agus bhainistiú na ranníocaíochtaí cláir, an tuairisciú ar ionstraimí airgeadais, saintréithe teicniúla na mbeart faisnéise agus cumarsáide le haghaidh oibríochtaí agus an córas chun sonraí a thaifeadadh agus a stóráil (IO L 223, 29.7.2014, lch. 7).

([11]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4) ón gComhairle.

2. Maidir leis an gcaiteachas le haghaidh úlloird nó garráin ológ a athphlandú, ní rachaidh sé thar 20 % den chaiteachas iomlán faoi gach clár oibríochtúil nó idirghabháil ábhartha.

Airteagal 17

Glasbhuaint agus neamhbhuaint

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil an fhíona, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, i bhfoirm "glasbhuainte" i gcás na n-earnálacha sin agus i bhfoirm "neamhbhuainte" i gcás na n-earnálacha sin seachas earnáil an fhíona, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hidirghabhálacha sin sa bhreis ar ghnáthchleachtais saothraithe, agus go mbeidh siad éagsúil ó ghnáthchleachtais saothraithe, agus go mbainfidh siad le 100 % de tháirgeadh ionchasach an táirge lena mbaineann i ndáileacht ar leith.

Is é a bheidh sa "ghlasbhuaint" buaint na dtáirgí réamhaibí neamh-indíolta go léir i limistéar áirithe nach ndearnadh damáiste dóibh roimh an nglasbhuaint. Is é a bheidh sa "neamhbhuaint" deireadh a chur leis an timthriall reatha táirgthe sa limistéar lena mbaineann i gcás ina bhfuil an táirge forbartha go maith agus de cháilíocht shlán, chóir agus indíolta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na hidirghabhálacha glasbhuainte chun feidhme le linn na séasúr fáis sula mbainfidh an táirge an chéim indíolta amach agus nach ndéanfar na hidirghabhálacha sin i leith na dtáirgí atá á mbuaint ar an ngnáthbhealach cheana.

3. I bPleananna Straitéiseacha CBT na mBallstát, socróidh siad uasteorainneacha ama le linn an tséasúir táirgthe i ndáil le cur i bhfeidhm na n-idirghabhálacha glasbhuainte maidir le gach táirge atá faoi réir na n-idirghabhálacha sin mar aon le coinníollacha incháilitheachta eile i ndáil leis an nglasbhuaint agus leis an neamhbhuaint, lena n-áirítear cineálacha agus catagóirí táirgí i gcás inarb ábhartha.

4. Déanfaidh na Ballstáit cúiteamh airgeadais a eisiamh le haghaidh idirghabhálacha neamhbhuainte a dhéanfar i gcás ina mbainfear táirgeadh tráchtála as an limistéar lena mbaineann le linn an ghnáth-thimthrialla táirgthe.

5. Leis an tacaíocht don glasbhuaint, ní chumhdófar ach na táirgí atá ar na goirt go fisiceach agus a ndéantar iad a ghlasbhuaint go hiarbhír. Maidir le hearnálacha eile seachas earnáil an fhíona, socróidh na Ballstáit na méideanna cúitimh le haghaidh na glasbhuainte agus na neamhbhuainte, lena gcuimseofar cúnamh airgeadais ón Aontas agus an ranníocaíocht ón eagraíocht táirgeoirí, ón gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, ón eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, ón gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó ón ngrúpa táirgeoirí, in aghaidh íocaíochtaí in aghaidh an heicteáir, ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do leibhéal nach mó ná 90 % den uasleibhéal tacaíochta le haghaidh aistarraingtí ón margadh, seachas dáileadh saor, is infheidhme maidir leis an táirge céanna.

6. Déanfaidh na Ballstáit foráil nach mór don tairbhí réamhfhógra a thabhairt d'údaráis inniúla an Bhallstáit i scríbhinn nó le modhanna leictreonacha sula mbeartóidh sé glasbhuaint nó neamhbhuaint a dhéanamh.

7. Ina bPleananna Straitéiseacha CBT, socróidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na n-idirghabhálacha sin, lena n-áirítear ábhar agus sprioc-amanna na n-idirghabhálacha, an méid cúitimh a bheidh le híoc agus cur i bhfeidhm na n-idirghabhálacha, mar aon le liosta na dtáirgí a bheidh incháilithe faoi na hidirghabhálacha;

(b) forálacha chun a áirithiú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar an gcomhshaol ná aon iarmhairt fhíteashláintíochta dhiúltach ann de thoradh chur chun feidhme na n-idirghabhálacha;

(c) toirmeasc ar thacaíocht a dheonú in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i gcás na glasbhuainte, má dhéantar cuid nach beag den ghnáthbhuaint agus, i gcás na neamhbhuainte, má bhaintear cuid nach beag den táirgeadh tráchtála cheana.

8. Áiritheoidh na Ballstáit:

(a) go gcoinneofar an limistéar lena mbaineann go maith, nach mbeidh aon bhuaint déanta cheana, go bhforbrófar an táirge go maith, nach ndéanfar dochar don táirge agus go mbeadh sé de cháilíocht fhónta, chóir agus indíolta i gcoitinne;

(b) nach ndéanfar na táirgí buainte a dhínádúrú;

(c) nach mbeidh aon tionchar diúltach ar an gcomhshaol ná aon iarmhairt fhíteashláintíochta dhiúltach de thoradh na hidirghabhála as a mbeidh an eagraíocht táirgeoirí freagrach;

(d) nach gcuirfear achar aon dáileachta fíniúna a ndéantar glasbhuaint uirthi san áireamh agus na teorainneacha táirgeachta á ríomh, ar teorainneacha iad a leagtar síos i sonraíochtaí teicniúla fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu;

(e) de mhaolú ar mhíreanna 2 agus 4, in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, i gcás ina mbíonn tréimhse buainte is faide ná mí amháin ag plandaí torthaí agus glasraí, go bhféadfar an ghlasbhuaint a dhéanamh tar éis tús a bheith curtha leis an ngnáthbhuaint agus go bhféadfar an neamhbhuaint a dhéanamh fiú má bhaintear táirgeadh tráchtála as an limistéar lena mbaineann le linn an ghnáth-thimthrialla táirgthe. Sna cásanna sin, leis an gcúiteamh airgeadais, ní dhéanfar cúiteamh ach amháin i leith an táirgthe a dhéanfaí a bhuaint sna 6 seachtaine tar éis na hoibríochta glasbhuainte agus neamhbhuainte agus nach margaítear de bharr na n-oibríochtaí sin. Ní bhainfear úsáid as na plandaí torthaí agus glasraí sin chun críoch táirgthe bhreise laistigh den séasúr fáis céanna;

(f) in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, seachas sa chás dá dtagraítear i bpointe (e), ní féidir feidhm a bheith ag idirghabhálacha glasbhuainte agus neamhbhuainte go comhuaineach maidir leis an táirge céanna sa limistéar céanna in aon bhliain ar leith.

Airteagal 18

Árachas buainte agus táirgthe

I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT árachas buainte agus táirgthe mar idirghabháil in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na leannlusanna, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ, nó in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh siad maoiniú náisiúnta breise a dheonú chun tacú le gníomhaíochtaí árachais buainte agus táirgthe a thairbhíonn den chiste oibríochtúil. Ní rachaidh an tacaíocht phoiblí iomlán thar 80 % de chostas na bpréimheanna árachais a n-íocann táirgeoirí astu le haghaidh árachas in aghaidh caillteanas.

Le hidirghabhálacha árachais buainte agus táirgthe, ní chumhdófar íocaíochtaí árachais lena dtugtar cúiteamh do tháirgeoirí le haghaidh breis agus 100 % den chaillteanas ioncaim a thabhaítear, agus aon chúiteamh a fhaigheann táirgeoirí ó scéimeanna tacaíochta eile nó ó scéimeanna árachais eile a bhaineann leis an riosca a bhfuarthas árachas ina aghaidh á chur san áireamh.

Airteagal 19

Aistarraingtí ón margadh le haghaidh cinn scríbe seachas dáileadh saor in aisce

I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha i bhfoirm "aistarraingtí ón margadh le haghaidh cinn scríbe seachas dáileadh saor in aisce", áiritheoidh siad go ndéanfar táirge áirithe a aistarraingt go cinntitheach ón margadh ar bhealach nach féidir é a chur ar ais ar an margadh chun críoch bia.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le hidirghabhálacha i bhfoirm "aistarraingtí ón margadh le haghaidh cinn scríbe seachas dáileadh saor in aisce" ach amháin in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi seach, agus i leith táirgí meatacha nach féidir a stóráil go marthanach ag a gcéim tráchtála gan chuisniúchán.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le hidirghabhálacha i bhfoirm "aistarraingtí ón margadh le haghaidh cinn scríbe seachas dáileadh saor in aisce" i leith táirgí ainmhithe agus táirgí earnáil an tsiúcra dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Airteagal 20

Stóráil le chéile

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha maidir le stóráil le chéile dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad foráil maidir le táirge a aistarraingt ón margadh go sealadach le linn tréimhse ina mbíonn brú áirithe ón margadh ann, agus glacfaidh siad rialacha chun a áirithiú go stórálfar an táirge faoi fhreagracht an tairbhí i ndálaí lena gcaomhnófar a ghnáthluach tráchtála agus i leith na rialacha sláintíochta is infheidhme. Maidir le táirgí a mbíonn seilfré gairid acu agus iad úr, déanfaidh na Ballstáit foráil go stórálfar an táirge i bhfoirm reoite nó i bhfoirm phróiseáilte. Maidir le táirgí a dteastaíonn tréimhse aibithe áirithe lena n-aghaidh le linn a ngnáthphróisis táirgthe, nó i gcás ina méadaítear luach an táirge de bharr an phróisis aibithe sin, ní bheidh na táirgí sin incháilithe le haghaidh stóráil le chéile ach amháin nuair a thabharfar an tréimhse aibithe chun críche ina hiomláine.

2. Socróidh na Ballstáit an t-íosfhad stórála agus an t-uasmhéid cúitimh in aghaidh an aonaid táirge agus in aghaidh an lae stórála, mar aon leis na dálaí stórála ábhartha i gcás gach táirge a ndéantar foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir leis an idirghabháil seo ina leith. An t-uasmhéid a fhéadfar a mhaoiniú leis an gciste oibríochtúil, ní bheidh sé sin níos airde ná suim chostas na stórála fisicí, san fhoirm reoite nó phróiseáilte i gcás inarb ábhartha, agus an costas airgeadais de bharr luach an táirge a dhíluailiú ar phraghsanna margaidh reatha. Maidir leis na costais a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le táirgí a reo nó a phróiseáil nó díluacháil an táirge a d'fhéadfadh a bheith ann, ní chuirfear iad san áireamh san uasmhéid. Socróidh na Ballstáit freisin na nósanna imeachta rialaithe, lena n-áirítear seiceálacha ar an láthair, chun a áirithiú nach gcuirfear táirgí eile in ionad na dtáirgí sin agus go ndéanfar na dálaí stórála agus an tréimhse stórála a urramú.

Roinn 2

Cineálacha tacaíochta agus caiteachais

Airteagal 21

Cineálacha tacaíochta

1. Sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le híocaíochtaí tacaíochta ar bhonn na gcostas iarbhír a thabhaíonn an tairbhí, costais a léirítear le doiciméid, amhail sonraisc, a chuirfidh na tairbhithe isteach chun idirghabháil a shonraítear ina bPlean Straitéiseach CBT a chur chun feidhme.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht a íoc ar bhonn rátaí comhréidhe caighdeánacha, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna. Agus na rátaí comhréidhe sin, na scálaí sin, agus na cnapshuimeanna sin á mbunú, cuirfidh na Ballstáit sainiúlachtaí réigiúnacha nó áitiúla san áireamh agus bunóidh siad a ríomh ar fhianaise dhoiciméadach lena léireofar gur léiriú é an ríomh sin ar phraghas margaidh na n-oibríochtaí nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an idirghabháil lena mbaineann.

2. In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, urramóidh na Ballstáit na huasmhéideanna caiteachais agus na costais chóiriúcháin a fhéadfar a íoc i ndáil leis na hidirghabhálacha ábhartha a shonraítear ina bPleananna Straitéiseacha CBT a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VII.

3. I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le tacaíocht a íoc i bhfoirm rátaí comhréidhe caighdeánacha, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna, déanfar athbhreithniú orthu sin go tréimhsiúil chun innéacsú nó athrú eacnamaíoch a chur san áireamh.

4. I gcás ina n-úsáidfidh na Ballstáit an modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe arna bhunú de bhun Airteagal 44(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, coimeádfaidh siad an fhianaise dhoiciméadach uile a bhaineann le rátaí comhréidhe caighdeánacha, scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid nó cnapshuimeanna caighdeánacha a bhunú agus lena n-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

5. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha in earnáil an fhíona a bhaineann le fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú agus le hinfheistíochtaí i sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) má chinneann na Ballstáit méid na tacaíochta a ríomh ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid bunaithe ar aonad tomhais dromchla, comhfhreagróidh an méid don dromchla iarbhír a ríomhadh i gcomhréir le hAirteagal 42 den Rialachán seo;

(b) má chinneann na Ballstáit méid na tacaíochta a ríomh ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid bunaithe ar aonaid tomhais eile nó ar bhonn na gcostas iarbhír a eascraíonn ó dhoiciméid tacaíochta lena gcur isteach ag na tairbhithe, leagfaidh siad síos rialacha maidir le modhanna rialaithe iomchuí chun méid iarbhír chur chun feidhme na hoibríochta a shuí.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas le haghaidh fotháirgí fíonóireachta a dhriogadh a dhéantar i gcomhréir leis na srianta a leagtar síos i gCuid II, Roinn D, d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Airteagal 22

Cineálacha caiteachais

1. Le cineálacha caiteachais a chumhdaítear leis na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, de Rialachán (AE) 2021/2115, ní dhéanfar cáin bhreisluacha ar an gcaiteachas incháilithe arna thabhú ag an tairbhí a chúiteamh, ach amháin i gcás nach bhfuil sí inghnóthaithe faoin reachtaíocht náisiúnta CBL.

2. Ní chuirfear na cineálacha caiteachais a liostaítear in Iarscríbhinn II san áireamh sna cineálacha caiteachais dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir leis na cineálacha caiteachais a liostaítear in Iarscríbhinn III, measfaidh na Ballstáit go bhfuil siad incháilithe agus na hidirghabhálacha ábhartha á sainiú acu agus féadfar iad a chumhdach leis na cláir oibríochtúla nó mar a shonraíonn na Ballstáit sna hidirghabhálacha ábhartha. Féadfaidh na Ballstáit a mheas ina bPleananna Straitéiseacha CBT go bhfuil cineálacha caiteachais eile incháilithe, ar choinníoll nach liostaítear iad in Iarscríbhinn II.

4. Bunóidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT na coinníollacha faoina bhféadfar an caiteachas a bhaineann leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagail 11 agus 12 a áireamh mar chaiteachas lena rannchuidítear leis na cuspóirí 15 % agus 2 % de chaiteachas faoi chláir oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 50(7), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi seach, agus leis an gcuspóir 5 % de chaiteachas faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 60(4) den Rialachán sin. Maidir leis na cuspóirí ábhartha a leagtar amach in Airteagail 46 agus 57 den Rialachán sin, faoi seach, le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus le haghaidh earnáil an fhíona, leis na coinníollacha sin, áiritheofar go saothrófar na cuspóirí sin go héifeachtach leis na hidirghabhálacha sin.

Airteagal 23

Costais riaracháin agus pearsanra

1. Costais pearsanra a thabhaíonn an tairbhí, fochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7) nó, faoi réir fhormheas na mBallstát, comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí, measfar go bhfuil siad incháilithe le haghaidh tacaíochta má thabhaítear iad i ndáil le hidirghabháil ar leith dár tugadh tacaíocht a ullmhú, a chur chun feidhme nó i ndáil le hobair leantach a ghabhann léi.

Is é a bheidh sna costais phearsanra sin, *inter alia*, costais a bhaineann le pearsanra a fhostaíonn an tairbhí agus na costais a chomhfhreagraíonn don sciar uaireanta oibre a chuireann a bhaill foirne isteach agus idirghabháil á cur chun feidhme acu.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh an tairbhí doiciméid tacaíochta isteach lena leagfar amach mionsonraí maidir leis an obair iarbhír a rinneadh i ndáil leis an idirghabháil áirithe agus gur féidir luach chostas ábhartha an phearsanra a mheasúnú agus a fhíorú go neamhspleách. Ní rachaidh luach chostas an phearsanra a bhaineann le hidirghabháil ar leith thar na costais a bhfuil glacadh coitianta leo ar an margadh atá i gceist le haghaidh an chineáil chéanna seirbhíse.

Chun na costais phearsanra a bhaineann le hidirghabháil a chur chun feidhme ag pearsanra buan an tairbhí a chinneadh, is tríd na hollchostais bhliantúla fostaíochta dhoiciméadaithe is déanaí maidir leis na fostaithe sonracha a d'oibrigh i gcur chun feidhme na hoibríochta a roinnt ar 1 720 uair an chloig a fhéadfar an ráta de réir na huaire is infheidhme a ríomh, nó ar bhonn *pro rata* i gcás fostaithe páirt-aimseartha.

Maidir leis na hidirghabhálacha "cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht" agus "gníomhaíochtaí cumarsáide" dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (f), agus (2), pointe (l), de Rialachán (AE) 2021/2115 agus maidir le gníomhaíochtaí eagraíochtaí idirchraoibhe agus an cur chun cinn agus an chumarsáid a dhéantar i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (i), (j) agus (k), den Rialachán sin, ní rachaidh an caiteachas a íoctar as na costais riaracháin agus pearsanra a thabhaíonn na tairbhithe go díreach thar 50 % de chostas foriomlán na hidirghabhála.

2. Costais riaracháin a thabhaíonn an tairbhí, fochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7) nó, faoi réir fhormheas na mBallstát, comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí, measfar go bhfuil siad incháilithe le haghaidh tacaíochta má thabhaítear iad i ndáil le hidirghabháil ar leith dár tugadh tacaíocht a ullmhú, a chur chun feidhme nó i ndáil le hobair leantach a ghabhann léi.

Measfar go bhfuil na costais riaracháin incháilithe mura dtéann siad thar 4 % de na costais incháilithe iomlána a bhaineann leis an idirghabháil a cuireadh chun feidhme.

I gcás ina ndéanann comhlacht seachtrach atá neamhspleách agus cáilithe na hiniúchtaí sin, measfar go bhfuil na costais ar iniúchtaí seachtracha incháilithe le haghaidh tacaíochta.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT, i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na leannlusanna, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird nó i gcás earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le ráta comhréidh caighdeánach le haghaidh na gcostas pearsanra agus riaracháin a bhaineann leis an gclár oibríochtúil a bhainistiú nó an clár oibríochtúil a ullmhú, a chur chun feidhme agus leis an obair leantach a ghabhann leis suas le huasmhéid 2 % den chlár oibríochtúil formheasta, lena gcuimsítear an cúnamh airgeadais ón Aontas agus ranníocaíocht na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí.

CAIBIDIL II

Rialacha sonracha is infheidhme maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí, le hearnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus le hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115

Roinn 1

Táirgí a chumhdaítear agus costais iompair

Airteagal 24

Táirgí a chumhdaítear

Leis an gcineál idirghabhála, ní chumhdófar ach na táirgí sin a n-aithnítear an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí ar choinníoll gur mó ná 50 % de luach na dtáirgí uile a mhargaíonn an eagraíocht sin san earnáil a chumhdaítear leis an gclár oibríochtúil a bheidh i luach na dtáirgí a chumhdaítear leis an gclár oibríochtúil sin. Thairis sin, is ó chomhaltaí den eagraíocht táirgeoirí nó ó chomhaltaí ar táirgeoirí iad d'eagraíocht táirgeoirí eile nó de chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a thiocfaidh na táirgí lena mbaineann.

Airteagal 25

Ceanglas maidir le costais iompair agus chóiriúcháin le haghaidh dáileadh saor in aisce

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit san áireamh ina bPlean Straitéiseach CBT idirghabhálacha i bhfoirm "aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nó le haghaidh cinn scríbe eile" dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, is ar bhonn scálaí na gcostas aonaid, costais a shocraítear de réir an achair idir an áit aistarraingthe agus áit seachadta le haghaidh dáileadh saor in aisce, a shocróidh siad na costais iompair a bhaineann le dáileadh saor in aisce na dtáirgí uile a aistarraingítear ón margadh faoi cháir oibríochtúla. Ní féidir ach costais iompair suas le hachar 750 km a chúiteamh.

2. Íocfar na costais iompair leis an bpáirtí iarbhír a iompraíonn costas airgeadais na hoibríochta iompair i gceist. Beidh an íocaíocht faoi réir doiciméid tacaíochta a thíolacadh lena ndeimhneofar, go háirithe:

(a) ainmneacha na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí;

(b) cainníocht na dtáirgí lena mbaineann;

(c) glacadh ag na faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 leis an íocaíocht agus an modh iompair a úsáidfear;

(d) an t-achar idir an áit aistarraingthe agus an áit seachadta.

3. Beidh cóireáil na dtáirgí a aistarraingítear ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce faoi chláir oibríochtúla faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) taispeántar suaitheantas an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 15(2) ar phacáistí na dtáirgí le haghaidh dáileadh saor in aisce, i dteannta le ceann amháin nó níos mó de na ráitis a leagtar amach in Iarscríbhinn IV; tá an íocaíocht faoi réir doiciméid tacaíochta a thíolacadh lena ndeimhnítear go háirithe:

   (i) ainmneacha na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta;

   (ii) cainníocht na dtáirgí lena mbaineann;

(b) glacadh ag an bhfaighteoir dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 leis an íocaíocht, lena sonraítear an cur i láthair.

Roinn 2

An t-uasleibhéal cúnaimh airgeadais ón Aontas le haghaidh aistarraingtí ón margadh

Airteagal 26

Tacaíocht

1. Maidir leis an gcineál idirghabhála "aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nó le haghaidh cinn scríbe eile" dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, i ndáil leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V, suim na gcostas iompair, suim chostais chóiriúcháin na dtáirgí le haghaidh dáileadh saor in aisce dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo, agus iad á gcur leis an méid tacaíochta d'aistarraingtí ón margadh, ní rachaidh siad thar mheánphraghas margaidh "iar-eagraíocht táirgeoirí" an táirge lena mbaineann sna 3 bliana roimhe sin, lena n-áirítear tar éis próiseála i gcás inarb ábhartha.

2. Maidir leis an gcineál idirghabhála "aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nó le haghaidh cinn scríbe eile" dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ar cineál idirghabhála é is infheidhme maidir le táirgí seachas na táirgí sin a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, socróidh na Ballstáit uasmhéideanna tacaíochta ina gcuimseofar an cúnamh airgeadais ón Aontas, an ranníocaíocht náisiúnta i gcás inarb ábhartha agus an ranníocaíocht ón eagraíocht táirgeoirí, ón gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, ón eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, ón gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó ón ngrúpa táirgeoirí, ar leibhéal nach rachaidh thar 40 % de na meánphraghsanna margaidh "iar-eagraíocht táirgeoirí" sna 5 bliana roimhe sin i gcás dáileadh saor in aisce agus ar leibhéal nach rachaidh thar 30 % de na meánphraghsanna margaidh "iar-eagraíocht táirgeoirí" sna 5 bliana roimhe sin le haghaidh cinn scríbe eile seachas dáileadh saor in aisce.

3. Maidir le heagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí, i gcás ina bhfaigheann sé nó sí cúiteamh ó thríú páirtithe le haghaidh táirgí aistarraingthe, laghdófar an tacaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi mhéid atá coibhéiseach leis an gcúiteamh a fuarthas. Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, ní chuirfear na táirgí lena mbaineann ar an margadh tráchtála arís.

4. Is mar seo a leanas a bheidh sciar na n-aistarraingtí ón margadh a dhéantar laistigh d'aon bhliain ar leith, seachas le haghaidh dáileadh saor in aisce, maidir le haon táirge ar leith de chuid aon eagraíochta táirgeoirí ar leith, aon chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí ar leith, aon eagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta ar leith, aon chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta ar leith nó aon ghrúpa táirgeoirí ar leith:

(a) ní rachaidh sé thar 10 % de mheánmhéid an táirgthe arna mhargú ag an eagraíocht táirgeoirí sin, ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí sin, ag an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta sin, ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta sin nó ag an ngrúpa táirgeoirí sin le linn na 3 bliana roimhe sin;

(b) agus, maidir le torthaí agus glasraí, ar an iomlán, ní rachaidh suim na gcéatadán i gcaitheamh 3 bliana as a chéile thar 15 agus an sciar a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) le haghaidh na bliana reatha á chur le sciartha na n-aistarraingtí ón margadh sa 2 bhliain roimhe a ríomhtar ar bhonn mhéid an táirgthe shonraigh arna mhargú ag an eagraíocht táirgeoirí sin le linn an 2 bhliain roimhe sin.

Más rud é nach bhfuil faisnéis ar fáil faoi mhéid an táirgthe mhargaithe a bhaineann le haon cheann nó gach ceann de na blianta roimhe sin, úsáidfear méid an táirgthe mhargaithe ar aithníodh an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí lena aghaidh.

Mar sin féin, ní chuirfear san áireamh i sciar na n-aistarraingtí ón margadh méideanna na n-aistarraingtí le haghaidh dáileadh saor in aisce a dhiúscraítear ar cheann amháin de na bealaí dá dtagraítear in Airteagal 52(6) de Rialachán (AE) 2021/2115 nó aon cheann scríbe coibhéiseach eile a fhormheasfaidh na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 27(2) den Rialachán seo.

5. I ndáil leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn V, an tacaíocht d'aistarraingtí ón margadh in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ina gcuimseofar an cúnamh airgeadais ón Aontas agus ranníocaíocht na heagraíochta táirgeoirí, ní bheidh sí níos mó ná na méideanna a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Maidir leis an gcúnamh airgeadais ón Aontas i gcás ina ndéantar torthaí agus glasraí a aistarraingt ón margadh, ar torthaí agus glasraí iad a dhiúscraítear trí dháileadh saor in aisce ar eagraíochtaí, ar fhondúireachtaí agus ar hinstitiúidí carthanachta dá dtagraítear in Airteagal 52(6) de Rialachán (AE) 2021/2115, ní chumhdófar leis sin ach an íocaíocht le haghaidh na dtáirgí a dhiúscraítear i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcás inarb iad na costais dá dtagraítear in Airteagal 33 den Rialachán seo a bheidh sna costais chóiriúcháin.

Airteagal 27

Cinn scríbe le haghaidh táirgí aistarraingthe

1. I gcás ina gcuirfidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha i bhfoirm "aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce nó le haghaidh cinn scríbe eile" in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, cinnfidh siad na cinn scríbe is incheadaithe le haghaidh táirgí a aistarraingítear ón margadh agus áiritheoidh siad nach mbeidh aon tionchar diúltach ar an gcomhshaol ná aon iarmhairt fhíteashláintíochta dhiúltach de thoradh na haistarraingthe nó de thoradh a gcinn scríbe.

2. Arna iarraidh sin d'eagraíochtaí, d'fhondúireachtaí nó d'institiúidí carthanachta dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt do na heagraíochtaí, na fondúireachtaí nó na hinstitiúidí carthanachta ranníocaíocht a iarraidh ó fhaighteoirí deiridh na dtáirgí arna n-aistarraingt ón margadh.

Maidir leis na heagraíochtaí, na fondúireachtaí nó na hinstitiúidí carthanachta dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 lena mbaineann, i gcás ina bhfaighidh siad an t-údarú sin, coimeádfaidh siad cuntais airgeadais le haghaidh na hoibríochta i gceist.

Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht chomhchineáil a cheadú ó thairbhithe dáilte saor in aisce le próiseálaithe táirgí, i gcás nach ndéanfar ach costais phróiseála a chúiteamh leis an íocaíocht sin agus i gcás ina nglacfaidh an Ballstát ina ndéanfar an íocaíocht rialacha lena n-áiritheofar go mbeidh na táirgí próiseáilte beartaithe lena gcaitheamh ag na faighteoirí deiridh dá dtagraítear sa dara fomhír.

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun teagmhálacha agus comhar a éascú idir eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí, fondúireachtaí agus institiúidí carthanachta dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115.

3. Féadfar táirgí a aistarraingítear chuig an tionscal lena bpróiseáil ina dtáirgí neamhbhia a dhiúscairt. Glacfaidh na Ballstáit forálacha mionsonraithe chun a áirithiú nach dtarlóidh aon saobhadh iomaíochta le haghaidh na dtionscal lena mbaineann laistigh den Aontas nó le haghaidh táirgí allmhairithe agus chun a áirithiú nach gcuirfear táirgí aistarraingthe ar an margadh tráchtála bia arís. Úsáidfear an t-alcól a bheidh mar thoradh ar dhriogadh chun críoch tionsclaíoch nó fuinnimh agus chun na gcríoch sin amháin.

Airteagal 28

Coinníollacha le haghaidh faighteoirí táirgí aistarraingthe

1. Maidir le faighteoirí na dtáirgí a aistarraingítear le haghaidh dáileadh saor in aisce sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) na rialacha maidir le caighdeáin mhargaíochta mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chomhlíonadh;

(b) taifid stoic ar leithligh a choimeád le haghaidh na n-oibríochtaí aistarraingthe i gceist;

(c) glacadh leis na seiceálacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

(d) na doiciméid tacaíochta maidir le ceann scríbe deiridh na dtáirgí uile lena mbaineann a sholáthar, i bhfoirm deimhnithe táthcheangail nó doiciméad coibhéiseach lena ndeimhnítear gur ghlac tríú páirtí ar láimh na táirgí aistarraingthe d'fhonn iad a dháileadh saor in aisce.

Mar a thagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach gá d'fhaighteoirí taifid a choimeád má fhaigheann siad cainníochtaí is lú ná uasmhéid a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit bunaithe ar anailísiú riosca doiciméadaithe.

2. Faighteoirí na dtáirgí a aistarraingítear le haghaidh cinn scríbe eile seachas dáileadh saor in aisce, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) na rialacha maidir le caighdeáin mhargaíochta mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chomhlíonadh;

(b) taifid stoic ar leithligh agus cuntais airgeadais a choimeád le haghaidh na n-oibríochtaí i gceist má mheasann an Ballstát gur gá é sin a dhéanamh in ainneoin go ndearnadh an táirge a dhínádúrú sular seachadadh é;

(c) glacadh leis na seiceálacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta;

(d) gan cabhair bhreise a iarraidh le haghaidh an alcóil a tháirgtear ó na táirgí lena mbaineann i gcás na dtáirgí aistarraingthe atá beartaithe lena ndriogadh.

Airteagal 29

Caighdeáin mhargaíochta táirgí aistarraingthe

1. Táirge a aistarraingítear ón margadh le haghaidh cinn scríbe eile seachas dáileadh saor in aisce, sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, comhlíonfaidh sé an caighdeán agus na rialacha ábhartha maidir le margú an táirge sin dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, seachas na rialacha maidir le táirgí a chur i láthair agus a mharcáil.

I gcás ina n-aistarraingeofar torthaí agus glasraí ar an mórchóir, comhlíonfar na híoscheanglais Aicme II mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún ([12]).

Mar sin féin, maidir le miontáirgí ó earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, mar a shainmhínítear sa chaighdeán ábhartha, comhlíonfaidh siad an caighdeán margaíochta is infheidhme, na forálacha i ndáil le táirgí a chur i láthair agus a mharcáil san áireamh.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus torthaí agus glasraí próiseáilte (IO L 157, 15.6.2011, lch. 1).

2. I gcás nach leagtar síos caighdeán margaíochta sonrach maidir le toradh nó glasra ar leith, comhlíonfar na híoscheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn VI. Féadfaidh na Ballstáit rialacha breise a leagan amach lena bhforlíonfar na híoscheanglais sin.

Roinn 3

An bonn chun an cúnamh airgeadais ón Aontas a ríomh

Airteagal 30

Luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh eagraíochtaí nó grúpaí nua-aitheanta

I gcás nach mbeidh sonraí stairiúla ar fáil maidir le táirgeadh margaithe eagraíochta táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, nó grúpa táirgeoirí sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115 le linn na 3 bliana tar éis a aitheanta nó haitheanta le haghaidh na 3 bliana roimhe sin, glacfaidh na Ballstáit le luach an táirgthe mhargaithe nó le luach an táirgthe indíolta le linn tréimhse 12 mhí as a chéile ar luach é arna gcur in iúl ag an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, nó an grúpa táirgeoirí in iúl, ar táirgeadh é ar féidir leis an eagraíocht lena mbaineann nó leis an ngrúpa táirgeoirí a chruthú chun sástacht an Bhallstáit go mbeidh an acmhainn iarbhír aige nó aici lena mhargú ar son a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad.

Mar sin féin, más rud é go mbeidh luach an táirgthe mhargaithe curtha in iúl cheana ag an eagraíocht táirgeoirí, ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, ag an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, ag an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó ag an ngrúpa táirgeoirí chun críoch a aitheanta nó a haitheanta, glacfaidh na Ballstáit leis an luach sin, agus leis an luach sin amháin.

Airteagal 31

An bonn chun luach an táirgthe mhargaithe a ríomh

1. Maidir le luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh eagraíocht táirgeoirí, eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, nó grúpa táirgeoirí sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ríomhfar é sin ar bhonn tháirgeadh na heagraíochta táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, nó an ghrúpa táirgeoirí féin agus a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad a chuireann an eagraíocht sin nó an grúpa sin ar an margadh, agus ní áireofar leis sin ach táirgeadh na dtáirgí sin a n-aithnítear an eagraíocht táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, nó an grúpa táirgeoirí lena n-aghaidh. Féadfar táirgí nach gá a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin mhargaíochta a áireamh i luach an táirgthe mhargaithe, i gcás nach bhfuil feidhm ag na caighdeáin sin.

Maidir le luach an táirgthe mhargaithe i gcás comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, ríomhfar é sin ar bhonn an táirgthe a mhargaíonn an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta féin agus a chomhaltaí ar táirgeoirí iad, agus ní áireofar leis sin ach táirgeadh na dtáirgí sin a n-aithnítear an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta lena n-aghaidh. Mar sin féin, i gcás ina bhformheasfar cláir oibríochtúla le haghaidh comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus ar leithligh le haghaidh a eagraíochtaí táirgeoirí ar comhaltaí iad, ní chuirfear luach an táirgthe mhargaithe a áiríodh le haghaidh chláir oibríochtúla na gcomhaltaí san áireamh maidir le luach tháirgeadh margaithe an chomhlachais a ríomh.

Thairis sin, maidir le hearnálacha a liostaítear in Airteagal 42, pointí (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh sé go n-áireofar le luach an táirgthe mhargaithe luach an táirgthe a chumhdaítear le conarthaí a chaibidlíonn an eagraíocht táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí ar son a chomhaltaí nó a comhaltaí.

2. Déanfar luach an táirgthe mhargaithe a ríomh nuair a bheidh na táirgí úr nó ag an gcéad chéim phróiseála ar a margaítear an táirge de ghnáth, ar an mórchóir i gcás inar féidir táirgí a mhargú ar an mórchóir, agus ní áireofar leis sin an costas ar thuilleadh próiseála ná an costas ar thuilleadh cóiriúcháin ná luach na dtáirgí próiseáilte deiridh. Ina bPleananna Straitéiseacha CBT, cuirfidh na Ballstáit in iúl an bealach a ríomhtar luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh gach earnála.

Luach an táirgthe mhargaithe maidir le torthaí agus glasraí atá beartaithe lena bpróiseáil, arna gclaochlú i gceann amháin de na táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid X, a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó in aon táirge próiseáilte dá dtagraítear sa mhír seo, ag eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad nó a bhfochuideachtaí i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, as a stuaim féin nó trí sheachfhoinsiú, ríomhfar an luach sin mar ráta comhréidh sa chéatadán a chuirtear i bhfeidhm maidir le luach sonraisc na dtáirgí próiseáilte sin. Is iad seo a leanas na rátaí comhréidhe a bheidh ann:

(a) 53 % le haghaidh súnna torthaí;

(b) 73 % le haghaidh súnna comhdhlúite;

(c) 77 % le haghaidh dlúthán trátaí;

(d) 62 % le haghaidh torthaí agus glasraí reoite;

(e) 48 % le haghaidh torthaí agus glasraí stánaithe;

(f) 70 % le haghaidh beacáin stánaithe *Agaricus bisporus* agus beacáin shaothraithe eile atá leasaithe faoi sháile;

(g) 81 % le haghaidh torthaí atá leasaithe go sealadach faoi sháile;

(h) 81 % le haghaidh torthaí triomaithe;

(i) 27 % le haghaidh torthaí agus glasraí próiseáilte seachas iad sin dá dtagraítear i bpointí (a) go dtí (h);

(j) 12 % le haghaidh luibheanna aramatacha próiseáilte;

(k) 41 % le haghaidh púdar paiprice.

3. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt don tairbhí luach na bhfotháirgí a áireamh i luach an táirgthe mhargaithe.

4. Áireofar luach na n-aistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce i luach an táirgthe mhargaithe. Maidir leis na táirgí a mhargaíonn an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí le linn na tréimhse lena mbaineann, is ar bhonn mheánphraghas na dtáirgí sin a ríomhfar luach na n-aistarraingtí le haghaidh dáileadh saor in aisce.

5. Ní áireofar i luach an táirgthe mhargaithe ach táirgeadh na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, an ghrúpa táirgeoirí, a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad a mhargaíonn an eagraíocht táirgeoirí sin, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí sin, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta sin, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta sin nó an grúpa táirgeoirí sin.

Maidir le táirgeadh na gcomhaltaí ar táirgeoirí iad de chuid na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí a mhargaíonn eagraíocht táirgeoirí eile, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí eile, eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta eile, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta eile nó grúpa táirgeoirí eile a ainmníonn a n-eagraíocht féin, áireofar sin i luach tháirgeadh margaithe na heagraíochta, an chomhlachais nó an ghrúpa a mhargaíonn an táirgeadh. Cuirfear toirmeasc ar an áireamh dúbailte.

6. Seachas i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 7, táirgeadh margaithe na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí, déanfar é a shonrasc ag an gcéim dar teideal "iar-eagraíocht táirgeoirí, iarchomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, iar-eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, iarchomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó iarghrúpa táirgeoirí" nuair a bheidh an táirgeadh margaithe réidh lena margú, gan na nithe seo a leanas a áireamh:

(a) CBL;

(b) costais iompair laistigh den eagraíocht táirgeoirí, den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, den eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó den ghrúpa táirgeoirí.

7. Mar sin féin, féadfar luach an táirgthe mhargaithe a ríomh ag an gcéim dar teideal "iar-fhochuideachta" ar an mbonn a leagtar amach i mír 6, ar choinníoll go mbeidh ar a laghad 90 % de scaireanna nó de chaipiteal na fochuideachta:

(a) i seilbh aon eagraíochta táirgeoirí, aon chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, aon eagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, aon chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó aon ghrúpa táirgeoirí; nó

(b) faoi réir a fhormheasta ag an mBallstát, i seilbh comhaltaí na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí, ar táirgeoirí iad na comhaltaí sin, más rud é go rannchuideofar leis na cuspóirí a liostaítear in Airteagal 152(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 tríd sin a dhéanamh.

8. I gcás seachfhoinsithe, déanfar luach an táirgthe mhargaithe a ríomh ag an gcéim dar teideal "iar-eagraíocht táirgeoirí, iarchomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, iar-eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, iarchomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó iarghrúpa táirgeoirí" agus áireofar leis sin luach eacnamaíoch breise na gníomhaíochta a sheachfhoinsíonn an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí chuig a chomhaltaí nó a comhaltaí, tríú páirtithe nó chuig fochuideachta eile seachas an fhochuideachta sin dá dtagraítear i mír 7.

9. I gcás laghdú ar tháirgeadh de bharr tubaiste nádúrtha, teagmhas aeráide, galair plandaí nó ainmhithe nó inmhíoluithe lotnaidí, aon slánaíocht árachais a fuarthas i leith gníomhaíochtaí árachais buainte nó táirgthe dá dtagraítear in Airteagal 18, nó gníomhaíochtaí coibhéiseacha a bhainistíonn an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí, a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad, de bharr na gcúiseanna sin, féadfar iad a chur san áireamh i luach an táirgthe mhargaithe le haghaidh na tréimhse tagartha 12 mhí ina ndéanfar an íocaíocht iarbhír.

Airteagal 32

An tréimhse thagartha agus an uasteorainn maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas

1. Cinnfidh na Ballstáit tréimhse thagartha 12 mhí le haghaidh gach eagraíocht táirgeoirí, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó grúpa táirgeoirí, tréimhse nach gcuirfear tús léi roimh an 1 Eanáir den bhliain ar 3 bliana a bheidh ann roimh an mbliain a n-iarrtar an chabhair lena haghaidh agus a chríochnóidh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig den bhliain roimh an mbliain a n-iarrtar an chabhair lena haghaidh.

Tréimhse chuntasaíochta na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí a bheidh sa tréimhse thagartha 12 mhí.

Ní athrófar an mhodheolaíocht maidir leis an tréimhse thagartha a shocrú le linn cláir ach amháin i gcásanna ina bhfuil údar cuí leis sin a dhéanamh.

2. Cinnfidh na Ballstáit cé acu de na bealaí seo a leanas a ríomhfar an uasteorainn maidir le cúnamh airgeadais ón Aontas chuig an gciste oibríochtúil gach bliain:

(a) ar bhonn luach an táirgthe mhargaithe le linn thréimhse thagartha na dtáirgeoirí ar comhaltaí iad den eagraíocht táirgeoirí, den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, den eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, den chomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó den ghrúpa táirgeoirí ar an 1 Eanáir den bhliain a n-iarrtar an chabhair lena haghaidh; nó

(b) ar bhonn luach iarbhír an táirgthe mhargaithe le linn thréimhse thagartha na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí lena mbaineann. Sa chás sin, beidh feidhm ag an riail maidir le gach tairbhí neamh-trasnáisiúnta sa Bhallstát sin.

3. I gcás laghdú 35 % ar a laghad ar luach táirgthe mhargaithe táirge le haghaidh bliain áirithe i ndáil le meánluach na 3 thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) má tharlaíonn an laghdú de bharr cúiseanna nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí, measfar gur 65 % den mheánluach sna 3 thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin a bheidh i luach táirgthe mhargaithe an táirge sin;

(b) má tharlaíonn an laghdú de bharr tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí nach bhfuil faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, na heagraíochta táirgeoirí trasnáisiúnta, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an ghrúpa táirgeoirí, measfar gur 85 % den mheánluach sna 3 thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin a bheidh i luach táirgthe mhargaithe an táirge sin.

Sa dá chás, an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí, cruthóidh siad d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann nach raibh na cúiseanna sin faoina fhreagracht nó faoina freagracht ná faoina rialú.

I gcás ina gcruthóidh an eagraíocht táirgeoirí, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, an comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta nó an grúpa táirgeoirí don Bhallstát lena mbaineann nach raibh na cúiseanna sin faoina fhreagracht nó faoina freagracht ná faoina rialú agus go ndearna siad na bearta coisctheacha is gá, measfar gur 100 % den mheánluach sna 3 thréimhse thagartha 12 mhí roimhe sin a bheidh i luach táirgthe mhargaithe an táirge sin.

CAIBIDIL III

Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

Airteagal 33

Costais chóiriúcháin le haghaidh dáileadh saor in aisce

Maidir le íocaíochtaí caiteachais leis an eagraíocht táirgeoirí, leis an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, leis an eagraíocht táirgeoirí trasnáisiúnta, nó leis an gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta i ndáil leis na costais chóiriúcháin a bhaineann le torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce faoi chláir oibríochtúla, leagtar amach iad in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 34

Leibhéal eagrúcháin táirgeoirí a ríomh chun críoch an chúnaimh airgeadais náisiúnta

1. Agus an leibhéal cúnaimh airgeadais náisiúnta á chinneadh in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2115, ríomhfar an leibhéal eagrúcháin i réigiún Ballstáit ar bhonn luach na dtorthaí agus na nglasraí a tháirgtear sa réigiún lena mbaineann agus a mhargaíonn na heagraíochtaí agus ní áireofar leis sin ach na táirgí sin a n-aithnítear na heagraíochtaí sin lena n-aghaidh. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 31 den Rialachán seo.

2. Ní mheasfar ach torthaí agus glasraí a tháirgtear sa réigiún dá dtagraítear i mír 3 chun críocha an Airteagail seo.

3. Saineoidh na Ballstáit na réigiúin mar chuid leithleach dá gcríoch náisiúnta i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha, amhail a saintréithe agranamaíocha agus eacnamaíocha agus a n-acmhainneacht talmhaíochta réigiúnaí nó a n-acmhainneacht maidir le torthaí agus glasraí, nó a struchtúr institiúideach nó riaracháin agus a bhfuil sonraí ar fáil lena n-aghaidh chun an leibhéal eagrúcháin dá dtagraítear i mír 1 a ríomh.

Ní dhéanfar an liosta réigiún a bhunaíonn Ballstát a leasú go ceann 5 bliana ar a laghad ach amháin i gcás ina mbeidh údar oibiachtúil leis, go háirithe ar chúiseanna nach mbaineann le leibhéal eagrúcháin táirgeoirí sa réigiún nó sna réigiúin lena mbaineann a ríomh.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gach bliain faoin 31 Eanáir maidir le liosta na réigiún a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 53(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2115, agus maidir leis an méid cúnaimh airgeadais náisiúnta a deonaíodh d'eagraíochtaí táirgeoirí sna réigiúin sin.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le haon athrú ar liosta na réigiún.

5. Déanfaidh eagraíocht táirgeoirí ar mian léi iarratas a dhéanamh ar chúnamh airgeadais náisiúnta a clár oibríochtúil a leasú, más gá.

Airteagal 35

An meánmhéid 3 bliana maidir le haistarraingtí ón margadh le haghaidh dáileadh saor in aisce

1. Maidir leis an teorainn 5 % de mhéid an táirgthe mhargaithe dá dtagraítear in Airteagal 52(6), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115, ríomhfar í ar bhonn mheánmhéid na méideanna foriomlána táirgí a n-aithnítear an eagraíocht táirgeoirí lena n-aghaidh agus a mhargaítear tríd an eagraíocht táirgeoirí le linn na 3 bliana roimhe sin.

2. Is éard a bheidh sna sonraí maidir le blianta margaithe roimh aitheantas le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí nua-aitheanta:

(a) i gcás ina mbíodh an eagraíocht ina grúpa táirgeoirí, na sonraí coibhéiseacha maidir leis an ngrúpa sin; nó

(b) an méid is infheidhme maidir leis an iarratas ar aitheantas.

CAIBIDIL IV

Earnáil na beachaireachta

Airteagal 36

An sainmhíniú ar choirceog beach

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma "coirceog beach" an t-aonad ina mbíonn coilíneacht beach meala a úsáidtear chun mil, táirgí beachaireachta eile nó ábhar pórúcháin beach meala a tháirgeadh agus ina mbíonn na heilimintí uile is gá chun go mairfidh sí.

Airteagal 37

An modh chun líon na gcoirceog beach a ríomh

Ríomhfar líon na gcoirceog beach atá réidh le geimhriú i gcríoch na mBallstát idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig gach bliain i gcomhréir le modh iontaofa bunaithe a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha CBT.

Airteagal 38

An fógra maidir le líon na gcoirceog beach

An fógra bliantúil maidir le líon na gcoirceog beach dá dtagraítear in Airteagal 55(7) de Rialachán (AE) 2021/2115 mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán seo, déanfar é faoin 15 Meitheamh gach bliain, ó 2023 ar aghaidh.

Airteagal 39

An ranníocaíocht íosta ón Aontas

30 % a bheidh sa ranníocaíocht íosta ón Aontas leis an gcaiteachas a bhaineann le cur chun feidhme na gcineálacha idirghabhála in earnáil na beachaireachta dá dtagraítear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2115 agus a shonraíonn na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

CAIBIDIL V

Earnáil an fhíona

Airteagal 40

Tairbhithe

1. Cinnfidh na Ballstáit cé acu de na hoibreoirí a fhéadfaidh tairbhiú d'idirghabhálacha in earnáil an fhíona a shonraítear ina bPleananna Straitéiseacha CBT. Áireofar leis na hoibreoirí sin tairbhithe dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 mar aon le heagraíochtaí gairmiúla, eagraíochtaí táirgeoirí fíona, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí fíona, comhlachais shealadacha nó bhuana ina bhfuil dhá tháirgeoir fíona nó níos mó agus eagraíochtaí idirchraoibhe.

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil gur saothróirí fíona amháin a thairbheoidh de na cineálacha idirghabhála "fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú", "glasbhuaint" agus "árachas buainte" dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (c) agus (d), de Rialachán (AE) 2021/2115, faoi seach.

3. Ní fhéadfaidh comhlacht faoi rialú an dlí phoiblí tairbhiú de thacaíocht faoi na cineálacha idirghabhála in earnáil an fhíona. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a cheadú do chomhlacht faoi rialú an dlí phoiblí tairbhiú den tacaíocht sna cásanna seo a leanas:

(a) le haghaidh gníomhaíochtaí a chuireann eagraíochtaí idirchraoibhe dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (i) agus (j), de Rialachán (AE) 2021/2115 chun feidhme;

(b) le haghaidh gníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn agus cumarsáid a dhéantar i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (h) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/2115, ar choinníoll nach é an t-aon tairbhí den tacaíocht a deonaíodh i leith na n-idirghabhálacha sin.

4. Féadfaidh cuideachtaí príobháideacha a bheith ina dtairbhithe le haghaidh cur chun cinn agus cumarsáid a dhéantar i dtríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/2115.

5. Ní dheonófar aon tacaíocht do tháirgeoirí a shaothraíonn planduithe neamhdhleathacha agus limistéir faoi fhíniúnacha gan údarú de bhun Airteagal 71 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

Airteagal 41

Fíonghoirt a athphlandú ar chúiseanna sláinte nó físeashláintíochta

Maidir leis an gcaiteachas bliantúil a íocann na Ballstáit as tacaíocht d'idirghabhálacha a shonraítear ina bPleananna Straitéiseacha CBT i ndáil le fíonghoirt a athphlandú tar éis grafa éigeantaigh, ní rachaidh sé sin thar 15 % den chaiteachas bliantúil iomlán ar fhíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú faoi Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 a íocann an Ballstát lena mbaineann le linn aon bhliana airgeadais ar leith.

Ní bheidh na costais grafa éigeantaigh agus an cúiteamh as an ioncam a tarscaoileadh ina gcaiteachas incháilithe faoin gcineál idirghabhála seo.

Airteagal 42

Limistéar faoi fhíniúnacha

1. Chun críocha Airteagal 58(1), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, sainítear limistéar faoi fhíniúnacha le himlíne sheachtrach na gcrann fíniúna a gcuirtear maolán leis, maolán a gcomhfhreagraíonn a leithead do leath an achair idir na sraitheanna.

2. Maidir le costais incháilithe oibríochtaí le haghaidh fíonghoirt a athstruchtúrú agus a athchóiriú agus oibríochtaí le haghaidh na glasbhuainte, i gcás ina gcinnfidh Ballstát na costais sin a dheimhniú go heisiach ar bhonn scálaí caighdeánacha na gcostas aonaid bunaithe ar aonaid tomhais atá difriúil leis an dromchla nó ar bhonn doiciméid thacaíochta a bheidh le cur isteach ag na tairbhithe, féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh gan an limistéar faoi fhíniúnacha a thomhas mar a leagtar amach i mír 1.

CAIBIDIL VI

Earnáil na leannlusanna

Airteagal 43

Cúnamh airgeadais ón Aontas

Maidir leis an uasmhéid cúnaimh airgeadais ón Aontas a bheidh le leithdháileadh ar gach eagraíocht táirgeoirí nó ar gach comhlachas, dá dtagraítear in Airteagal 62(1) de Rialachán (AE) 2021/2115, ríomhfar é sin ar bhonn pro rata bunaithe ar limistéir incháilithe leannlusanna a chomhaltaí nó a comhaltaí ar táirgeoirí iad. Chun a bheith incháilithe, cuirfear na limistéir leannlusanna ag dlús aonfhoirmeach 1 500 planda ar a laghad in aghaidh an heicteáir i gcás sreangú dúbailte, nó ag dlús aonfhoirmeach 2 000 planda ar a laghad in aghaidh an heicteáir i gcás sreangú aonair.

Ní áireofar sna limistéir ach limistéir a theorannaítear le líne lena gceanglaítear teanntáin sheachtracha na gcuaillí le chéile. I gcás ina mbeidh plandaí leannlusanna ar an líne sin, cuirfear sraith bhreise ag a bhfuil leithead a chomhfhreagraíonn do mheánleithead sraithe laistigh den dáileacht sin leis an dá thaobh den limistéar sin. Ní bheidh an tsraith bhreise ina cuid de cheart slí poiblí. Maidir leis an dá chinnfhearann ag dhá cheann na sraitheanna leannlusanna a bhfuil gá leo chun innealra talmhaíochta a ainliú, féadfar iad a áireamh sa limistéar, ar choinníoll nach faide ná 8 méadar ceachtar cinnfhearann ó thaobh an fhaid de agus nach n-áireofar iad ach uair amháin, agus nach mbeidh siad ina gcuid de cheart slí poiblí.

Limistéir ina gcuirtear plandaí óga leannlusanna a fhástar go príomha mar tháirgí plandlainne, ní áireofar iad sin sna limistéir.

CAIBIDIL VII

Earnáil an bheostoic

Airteagal 44

Athstocáil le beostoc tar éis a mharaithe go héigeantach ar chúiseanna sláinte nó mar gheall ar chaillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach gcuirfear chun feidhme an cineál idirghabhála "athstocáil le beostoc tar éis a mharaithe go héigeantach ar chúiseanna sláinte nó mar gheall ar chaillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha" dá dtagraítear in Airteagal 47(2), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/2115, ach amháin i gcás ina ndéantar bearta rialaithe galar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

2. Ní rachaidh caiteachas le haghaidh athstocála le beostoc thar 20 % den chaiteachas iomlán faoi chláir oibríochtúla.

([13]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

TEIDEAL IV

CEANGLAIS BHREISE MAIDIR LE CINEÁLACHA ÁIRITHE IDIRGHABHÁLA SAN FHORBAIRT TUAITHE

Airteagal 45

Caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht

1. Na Ballstáit a chuirfidh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha a bhaineann le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh siad tacaíocht a sholáthar mar seo a leanas:

(a) i bhfoirm gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide i leith pórtha agus cineálacha plandaí feirme atá i mbaol ó chreimeadh géiniteach a chaomhnú; nó

(b) i bhfoirm tacaíochta do ghníomhaíochtaí maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht.

Maidir leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an gcineál gealltanas agra-chomhshaoil-aeráide dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), ní bheidh siadsan incháilithe le haghaidh tacaíochta de bhun na fomhíre sin, pointe (b).

2. Leis na gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide i leith pórtha agus cineálacha plandaí feirme atá i mbaol ó chreimeadh géiniteach a chaomhnú, dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), áiritheoidh na Ballstáit go gceanglófar an méid seo a leanas:

(a) ainmhithe feirme a thógáil ar pórtha áitiúla iad atá aitheanta ag an mBallstát mar phórtha atá i mbaol, agus atá oiriúnaithe go géiniteach do cheann amháin nó níos mó de chórais táirgthe traidisiúnta nó do thimpeallachtaí sa Bhallstát sin, i gcás ina ndéanann comhlacht ag a bhfuil na scileanna agus an t-eolas is gá i réimse na bpórtha atá i mbaol an stádas de bheith i mbaol a bhunú go heolaíochtúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24), de Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]); nó

(b) acmhainní géiniteacha plandaí atá oiriúnaithe go nádúrtha do na dálaí áitiúla agus réigiúnacha agus atá i mbaol creimeadh géiniteach a chaomhnú.

3. Na speicis ainmhithe feirme seo a leanas, ar pórtha áitiúla iad, dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), féadfaidh siad a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta:

(a) eallach;

(b) caoirigh;

(c) gabhair;

(d) eachainmhithe (*Equus caballus* agus *Equus asinus*);

(e) muca;

(f) éin;

(g) coiníní;

(h) beacha.

4. Ní mheasfaidh na Ballstáit go bhfuil na pórtha áitiúla dá dtagraítear i mír 2, pointe (a) incháilithe le haghaidh tacaíochta, ach amháin má chomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) luafar líon na mbaineannach pórúcháin ar an leibhéal náisiúnta;

([14]) Rialachán (AE) 2016/1012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le coinníollacha zóiteicniúla agus gineolaíocha i dtaca le pórú agus trádáil ainmhithe pórúcháin folaíochta, muca pórúcháin hibrideacha, agus táirgí geirmeacha díobh agus lena dtabhairt isteach san Aontas agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 652/2014, Treoracha 89/608/CEE agus 90/425/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse an phóraithe ainmhithe ("An Rialachán maidir le Pórú Ainmhithe") (IO L 171, 29.6.2016, lch. 66).

(b) cláróidh cumann póir ábhartha a aithnítear go cuí an tréadleabhar nó an leabhar pórúcháin ealta a choinnítear cothrom le dáta.

5. Measfaidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní géiniteacha plandaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), i mbaol ó chreimeadh géiniteach, ar choinníoll go gcuirfear fianaise leordhóthanach ar fáil faoi chreimeadh géiniteach, bunaithe ar thorthaí eolaíocha nó ar tháscairí lena léirítear laghdú ar phórtha dúchasacha nó ar chineálacha pórtha céadrata áitiúla, ar a n-éagsúlacht daonra agus, i gcás inarb ábhartha, lena léirítear athruithe ar na cleachtais talmhaíochta atá i réim go háitiúil.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna hoibríochtaí maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí spriocdhírithe lena gcuirtear chun cinn caomhnú *in situ* agus caomhnú *ex situ*, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht, lena n-áirítear fardail ghréasánbhunaithe de na hacmhainní géiniteacha a chaomhnaítear *in situ* faoi láthair, lena n-áirítear caomhnú ar an bhfeirm nó ar an ngabháltais foraoiseachta, agus fardail ghréasánbhunaithe de bhailiúcháin *ex situ* agus de bhunachair sonraí *ex situ*;

(b) gníomhaíochtaí comhbheartaithe lena gcuirtear chun cinn malartú faisnéise le haghaidh caomhnú, tréithriú, bailiú agus úsáid acmhainní géiniteacha i dtalmhaíocht nó i bhforaoiseacht an Aontais i measc eagraíochtaí inniúla sna Ballstáit;

(c) beart tionlacain: faisnéis, scaipeadh, comhairle, oiliúint agus ullmhú tuarascála teicniúla, ina gcuirtear san áireamh eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile.

7. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) sa talmhaíocht ciallaíonn "caomhnú *in situ*" ábhair ghéiniteacha a chaomhnú in éiceachórais agus i ngnáthóga nádúrtha, agus daonraí speiceas inmharthana nó daonraí fiaphórtha inmharthana a chothabháil agus a athshlánú ina dtimpeallachtaí nádúrtha féin agus, i gcás pórtha ainmhithe clóis nó i gcás speiceas plandaí saothraithe, sa timpeallacht feirme inar fhorbair siad a gcuid saintréithe féin;

(b) san fhoraoiseacht ciallaíonn "caomhnú *in situ*" ábhar géiniteach a chaomhnú in éiceachórais agus i ngnáthóga nádúrtha agus daonraí speiceas inmharthana ina dtimpeallacht nádúrtha a chothabháil agus a ghnóthú;

(c) ciallaíonn "caomhnú ar an ngabháltas feirmeoireachta nó ar an ngabháltas foraoise" caomhnú agus forbairt *in situ* ar leibhéal an ghabháltais feirmeoireachta nó an ghabháltais foraoise;

(d) ciallaíonn "caomhnú *ex situ*" ábhar géiniteach a chaomhnú le haghaidh talmhaíocht nó foraoiseacht lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha;

(e) ciallaíonn "bailiú *ex situ*" ábhar géiniteach a bhailiú le haghaidh talmhaíocht nó foraoiseacht a chothaítear lasmuigh dá ngnáthóg nádúrtha.

Airteagal 46

Leas ainmhithe

Maidir leis na Ballstáit a chuirfidh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha a bhaineann le gealltanais maidir le leas ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheoidh siad go soláthrófar caighdeáin uasghrádaithe modhanna táirgthe le gealltanais maidir le leas ainmhithe i gceann amháin de na réimsí seo a leanas ar a laghad:

(a) uisce, beatha, cúram sláinte ainmhithe i gcomhréir leis na riachtanais nádúrtha a bhaineann le hainmhithe;

(b) dálaí tithíochta lena gcuirtear le compord agus saoirse gluaiseachta na n-ainmhithe, amhail lamháltais maidir le spás breise, dromchlaí urláir, solas nádúrtha, rialáil mhiocraeráide, mar aon le dálaí tithíochta amhail tithíocht saorbhreithe nó tithíocht grúpa, ag brath ar na riachtanais nádúrtha a bhaineann le hainmhithe;

(c) dálaí lenar féidir le hainmhithe iompraíocht nádúrtha a chleachtadh, amhail an timpeallacht mhaireachtála a shaibhriú nó scoitheadh mall;

(d) rochtain ar an taobh amuigh agus féarach;

(e) cleachtais lena gcuirtear le stóinseacht agus fad saoil ainmhithe, lena n-áirítear pórtha a fhásann níos moille;

(f) cleachtais chun ciorrú nó coilleadh ainmhithe a sheachaint. I gcásanna sonracha ina meastar go bhfuil gá le hainmhithe a chiorrú nó a choilleadh, bainfear úsáid as ainéistéisigh, anailgéise agus cógas fríth-athlastach nó imdhíonchoilleadh;

(g) bearta sláintíochta, lena gcuirtear cosc ar ghalair neamh-tharchurtha, nach gá substaintí leighis a úsáid ina leith amhail vacsaíní, feithidicídí nó drugaí frithsheadánacha.

Airteagal 47

Scéimeanna cáilíochta

Maidir leis na Ballstáit a chuirfidh ina bPleananna Straitéiseacha CBT idirghabhálacha a bhaineann le scéimeanna cáilíochta, dá dtagraítear in Airteagal 77(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheoidh siad go gcumhdófar an méid seo a leanas leis na scéimeanna cáilíochta náisiúnta aitheanta:

(a) scéimeanna cáilíochta, lena n-áirítear scéimeanna deimhniúcháin feirmeacha, le haghaidh táirgí talmhaíochta, cadáis nó bia-earraí, a n-aithníonn na Ballstáit go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

(i) díorthaítear sainiúlacht an táirge deiridh faoi scéimeanna den sórt sin ó oibleagáidí soiléire chun aon cheann díobh seo a leanas a ráthú:

— saintréithe sonracha táirgí,

— modhanna feirmeoireachta nó táirgthe sonracha, nó

— táirge deiridh a áirithiú a dtéann a cháilíocht go suntasach thar na caighdeáin tráchtearra tráchtála a mhéid a bhaineann le sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, le leas ainmhithe nó le cosaint an chomhshaoil;

(ii) tá an scéim ar fáil don uile tháirgeoir;

(iii) baineann an scéim le sonraíochtaí táirge atá ina gceangal agus fíoraíonn údaráis phoiblí nó comhlacht neamhspleách iniúchta comhlíonadh na sonraíochtaí sin;

(iv) tá an scéim trédhearcach agus ráthaíonn sé inrianaitheacht táirgí;

(b) scéimeanna deonacha deimhniúcháin le haghaidh táirgí talmhaíochta a n-aithníonn na Ballstáit go gcomhlíonann siad treoirlínte dea-chleachtais an Aontais maidir le scéimeanna deonacha deimhniúcháin a fheidhmiú dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2010 dar teideal "Treoirlínte dea-chleachtais an Aontais maidir le scéimeanna deonacha deimhniúcháin le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-earraí" ([15]) a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus le bia-earraí.

TEIDEAL V

RIALACHA MAIDIR LEIS AN gCÓIMHEAS LE HAGHAIDH CHAIGHDEÁN 1 MAIDIR LEIS AN DEA-RIOCHT TALMHAÍOCHTA AGUS COMHSHAOIL

Airteagal 48

Rialacha maidir leis an gcóimheas le haghaidh chaighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil

1. Maidir le féarthalamh buan a chothabháil i ndáil le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, áiritheoidh na Ballstáit nach dtiocfaidh laghdú is mó ná 5 % ar chóimheas an fhéarthalaimh bhuain i ndáil le limistéar talmhaíochta i gcomparáid le cóimheas tagartha a bheidh le bunú ag gach Ballstát ina bPlean Straitéiseach CBT trí limistéir féarthalaimh bhuain a roinnt ar an limistéar talmhaíochta iomlán.

Chun an cóimheas tagartha dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhunú:

([15]) IO C 341, 16.12.2010, lch. 5.

(a) ciallaíonn "limistéir féarthalaimh bhuain" féarthalamh buan a dhearbhaigh feirmeoirí a bhí ag fáil íocaíochtaí díreacha in 2018, i gcomhréir le hAirteagal 72(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), agus féarthalamh arna chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), an dara fomhír, pointe (23), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún ([17]), ar féarthalamh é a choigeartaigh na Ballstáit i ngás inar gá chun an tionchar a bheadh ag athrú a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, go háirithe athrú ar an sainmhíniú ar fhéarthalamh buan a bheidh le bunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115;

(b) ciallaíonn "limistéar talmhaíochta iomlán" an limistéar talmhaíochta a dhearbhaigh feirmeoirí a bhí ag fáil íocaíochtaí díreacha in 2018 i gcomhréir le hAirteagal 72(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, agus an limistéar talmhaíochta arna chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), an dara fomhír, pointe (23), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014, ar fhéarthalamh é a choigeartaigh na Ballstáit i gcás inar gá, go háirithe chun an tionchar a bheadh ag athrú a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, athrú ar an sainmhíniú ar limistéir thalmhaíochta a bheidh le bunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. Bunófar cóimheas an fhéarthalaimh bhuain gach bliain ar bhonn na limistéar a dhearbhaíonn na tairbhithe a bheidh ag fáil íocaíochtaí díreacha de bhun Theideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115 le haghaidh na bliana sin nó a bheidh ag fáil na n-íocaíochtaí bliantúla de bhun Airteagail 70, 71 agus 72 den Rialachán sin agus i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]).

Féadfaidh na Ballstáit cóimheas an fhéarthalaimh bhuain agus an cóimheas tagartha a bhunú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach, ar leibhéal an ghrúpa gabháltas nó ar leibhéal an ghabháltais.

3. I gcás ina mbunófar gur tháinig laghdú ar mó ná 5 % é ar an gcóimheas dá dtagraítear i mír 2 ar an leibhéal ar a gcuirtear caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil chun feidhme, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann oibleagáidí a fhorchur ar leibhéal an ghabháltais chun talamh a athrú ina fhéarthalamh buan nó chun limistéar féarthalaimh bhuain a bhunú le haghaidh roinnt feirmeoirí nó le haghaidh na bhfeirmeoirí uile a bhfuil talamh ar fáil dóibh a athraíodh ó fhéarthalamh buan ina thalamh le haghaidh úsáidí le linn tréimhse san aimsir a caitheadh.

Mar sin féin, i gcás ina gcoimeádtar an limistéar féarthalaimh bhuain in aon bhliain ar leith i ndearbhthéarmaí laistigh de 0,5 % de na limistéir féarthalaimh bhuain a bunaíodh i gcomhréir le mír 1, an dara fomhír, pointe (a), measfar gur comhlíonadh an oibleagáid a leagtar amach i mír 1, an chéad fhomhír.

4. Maidir le gealltanais a dhéantar nó oibleagáidí, dá dtagraítear in Airteagal 4(4), pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, nach ndéantar gníomhaíocht talmhaíochta a thuilleadh ar an limistéar i gceist mar gheall orthu sin, agus nach n-áirítear fáschoillte crann Nollag nó saothrú barr nó crann le haghaidh táirgeadh fuinnimh leo, i gcás gurb iad na gealltanais sin nó na hoibleagáidí sin is cúis leis an laghdú faoi bhun na tairsí 5 %, ní bheidh feidhm ag mír 3, an chéad fhomhír.

5. Chun an cóimheas dá dtagraítear i mír 2 a ríomh, limistéir a athraíodh ina bhféarthalamh buan nó a bunaíodh mar fhéarthalamh buan i gcomhréir le mír 3, nó a bunaíodh mar fhéarthalamh buan agus caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil á chur chun feidhme ag an mBallstát, measfar iad mar fhéarthalamh buan amhail ó chéad lá an athraithe nó ó chéad lá an bhunaithe. Bainfear úsáid as na limistéir sin chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear in Airteagal 4(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, ar feadh 5 bliana as a chéile ar a laghad tar éis an athraithe nó tar éis an bhunaithe, nó i gcás limistéir a úsáidtear chun féar nó foráiste luibheach eile a fhás cheana, ar feadh líon na mblianta atá fágtha chun 5 bliana as a chéile a bhaint amach.

([16]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

([17]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus leis na cúinsí faoina ndiúltófar nó faoina n-aistarraingeofar íocaíochtaí agus pionóis riaracháin is infheidhme maidir le híocaíochtaí díreacha, le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe agus le tras-chomhlíonadh (IO L 181, 20.6.2014, lch. 48).

([18]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187).

TEIDEAL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 49

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Modh an Aontais chun cineálacha cnáibe a fhíorú agus an cion Δ9-teitrihidreacannaibionóil i gcineálacha cnáibe dá dtagraítear in Airteagal 3 a chinneadh

1. **Raon Feidhme**

Féachtar leis an modh a leagtar amach san Iarscríbhinn seo le cion Δ9-teitrihidreacannaibionóil (dá ngairfear amach anseo 'cion THC') cineálacha cnáibe (*Cannabis sativa* L.) a chinneadh. Mar is iomchuí is é atá i gceist leis an modh nós imeachta A nó B a bhfuil cur síos orthu san Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

Tá an modh bunaithe ar chinneadh cainníochtúil THC le crómatagrafaíocht gháis (CG) tar éis eastósctha le tuaslagán oiriúnach.

1.1. *Nós Imeachta A*

Úsáidfear nós imeachta A le haghaidh seiceálacha ar tháirgeadh cnáibe i gcás ina gcumhdófar leis an sampla rialaithe le haghaidh seiceálacha ar an láthair a dhéanfar gach bliain 30 % ar a laghad de na limistéir ar dearbhaíodh ina leith táirgeadh cnáibe i gcomhréir le hAirteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115.

1.2. *Nós Imeachta B*

Úsáidfear nós imeachta B i gcás ina dtabharfaidh Ballstát córas isteach chun cnáib a shaothrú roimh ré, agus ina gcumhdófar le híosleibhéal na seiceálacha ar an láthair ar a laghad 20 % de na limistéir arna ndearbhú um tháirgeadh cnáibe i gcomhréir le hAirteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115.

2. **Sampláil**

2.1. *Coinníollacha maidir leis na samplaí a thógáil*

Tógfar na samplaí i rith an lae tar éis patrún córasach lena áirithiú go bhfuil an sampla ionadaíoch don réimse, ach gan imill an bharr a chur san áireamh.

2.1.1. *Nós Imeachta A:*

i mbarr ar a chois de chineál áirithe cnáibe, ní mór cuid 30 cm ina bhfuil ar a laghad aon bhláthra baineann de gach planda arna roghnú a thógáil. Déanfar an tsampláil le linn na tréimhse ó 20 lá tar éis thús an bhláthaithe go dtí 10 lá tar éis dheireadh an bhláthaithe.

Féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt chun sampláil a dhéanamh le linn na tréimhse ó thús an bhláthaithe go 20 lá tar éis thús an bhláthaithe ar choinníoll, i gcás gach cineáil a fhástar, go dtógtar samplaí ionadaíocha eile i gcomhréir leis an gcéad mhír le linn na tréimhse ó 20 lá tar éis thús an bhláthaithe go 10 lá tar éis dheireadh an bhláthaithe.

I gcás cnáibe a shaothraítear mar bharr breise, in éagmais bláthraí baineanna, tógfar an 30 cm is airde den ghas planda. Sa chás sin, déanfar an tsampláil díreach roimh dheireadh na tréimhse fáis, nuair a thosóidh na duilleoga ag léiriú na gcéad chomharthaí buí, ach tráth nach déanaí ná tús na tréimhse réamhfhaisnéise seaca.

2.1.2. *Nós Imeachta B:*

i mbarr ar a chois de chineál áirithe cnáibe, ní mór an trian uachtarach de gach planda arna roghnú a thógáil. Déanfar an tsampláil le linn na 10 lá tar éis dheireadh an bhláthaithe nó, i gcás cnáibe a shaothraítear mar bharr breise, in éagmais bláthraí baineanna, díreach roimh dheireadh na tréimhse fáis, nuair a thosóidh na duilleoga ag cur an chéad chomhartha buí i láthair, ach tráth nach déanaí ná tús na tréimhse réamhaisnéise seaca. I gcás cineálacha dé-éiciacha, ní mór gan ach plandaí baineanna a thógáil.

2.2. *Méid sampla*

Nós Imeachta A: ní mór go gcuimseodh an sampla codanna de 50 planda in aghaidh an ghoirt.

Nós Imeachta B: ní mór go gcuimseodh an sampla codanna de 200 planda in aghaidh an ghoirt.

Ní mór gach sampla a chur i mála fabraice nó páipéir gan é a bhrú, agus a sheoladh chuig an tsaotharlann le haghaidh anailíse.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an dara sampla a bhailiú lena fhrithanailís, más gá, a bheidh le coimeád ag an táirgeoir nó ag an gcomhlacht atá freagrach as an anailís.

2.3. *Triomú agus stóráil an tsampla*

Ní mór go dtosódh triomú na samplaí chomh luath agus is féidir agus, i gcás ar bith, laistigh de 48 n-uaire an chloig agus aon mhodh faoi bhun 70 °C á úsáid.

Ní mór samplaí a thriomú go meáchan tairiseach agus go cion taise idir 8 % agus 13 %.

Tar éis triomaithe, ní mór na samplaí a stóráil gan iad a bhrú ag faoi bhun 25 °C in áit dhorcha.

3. **An t-ábhar THC a shainiú**

3.1. *An sampla tástála a ullmhú*

Ní mór na gais agus na síolta atá níos mó ná 2 mm a bhaint ó na samplaí triomaithe.

Ní mór na samplaí triomaithe a mheilt chun púdar leathmhín (ar féidir a chur trí chriathar mogaill 1 mm) a fháil.

Féadfar an púdar a stóráil ar feadh 10 seachtaine ag faoi bhun 25 °C in áit dhorcha, thirim.

3.2. *Imoibrithe agus an tuaslagán eastósctha*

Imoibrithe

— Δ9-teitrihidreacannaibionóil, íon chun críoch crómatagrafach,

— squalane, íon le haghaidh cuspóirí crómatagrafacha, mar chaighdeán inmheánach.

Tuaslagán eastósctha

— 35 mg de squalane in aghaidh 100 ml de heacsán.

3.3. *Eastóscadh THC*

Ní mór 100 mg den sampla tástála púdraithe a mheá, a chur i bhfeadán lártheifeach agus ní mór 5 ml de thuaslagán eastósctha ina bhfuil an caighdeán inmheánach, a chur leis.

Ní mór an sampla a chur i ndabhach ultrafhuaime agus a fhágáil ar feadh 20 nóiméid. Ní mór é a lártheifneoiriú ar feadh cúig nóiméid ag 3 000 r.p.m. agus ansin ní mór an THC forleachta a bhaint de. Ní mór an tuaslagán a instealladh sa chrómatagraf agus ní mór anailís chainníochtúil a dhéanamh.

3.4. *Crómatagrafaíocht gáis*

(a) Fearas

— crómatagraf gáis le brathadóir ianúcháin lasrach agus insteallaire scoilte/nach bhfuil scoilte

— colún lena gceadaítear deighilt mhaith cannaibionóideach mar shampla colún ribeach gloine atá 25 m ar fad agus 0,22 mm ar trastomhas agus é maothaithe le pas 5 % neamhpholach le feinil-mheitil-siloxane.

(b) Raonta calabraithe

Ar a laghad trí phointe do nós imeachta A agus cúig phointe do nós imeachta B, lena n-áirítear pointe 0,04 agus 0,50 mg/ml THC sa tuaslagán eastósctha.

(c) Coinníollacha turgnamhacha

Tugtar na coinníollacha seo a leanas mar shampla don cholún dá dtagraítear i bpointe (a):

— teocht oighinn 260 °C,

— teocht insteallaire 300 °C,

— teocht brathadóra 300 °C.

(d) Toirt insteallta: 1 µl.

4. **Torthaí**

Ní mór na fionnachtana a léiriú go dhá phointe deachúlach i ngraim de THC in aghaidh 100 gram de shampla anailíseach arna thriomú go meachan tairiseach. Ní mór go mbeadh lamháltas de 0,03 g in aghaidh 100 g i bhfeidhm.

— Nós Imeachta A: aon sainiú amháin in aghaidh shampla tástála.

Áit a bhfuil an toradh a fhaightear os cionn na teorann arna leagan síos in Airteagal 4(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115, áfach, déanfar an dara sainiú in aghaidh an tsampla anailíse agus ní mór meánluach an dá shainiú a thógáil mar an toradh.

— Nós Imeachta B: ní mór go gcomhfhreagródh an toradh do mheánluach dhá shainithe in aghaidh shampla tástála.

IARSCRÍBHINN II

Liosta de chineálacha caiteachais neamh-incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 22(2)

CUID I

In earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, earnáil na beachaireachta, earnáil na leannlusanna, earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird agus sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115

1. Costais ghinearálta táirgthe agus, go háirithe, costais mícéiliam, síolta agus plandaí neamh-ilbhliantúla (fiú agus iad deimhnithe); táirgí cosanta plandaí (lena n-áirítear ábhair chomhtháite rialaithe); leasacháin agus ionchuir eile; costais bhailithe nó iompair (inmheánach nó seachtrach); costais stórála; costais phacáistíochta (lena n-áirítear úsáid agus bainistiú pacáistithe), fiú mar chuid de phróisis nua; costais oibriúcháin (go háirithe leictreachas, breosla agus cothabháil).

2. Aisíoc iasachtaí a thógfar amach le haghaidh idirghabhála.

3. Ceannach talún nár tógadh air a chosnaíonn níos mó ná 10 % den chaiteachas incháilithe ar an oibríocht lena mbaineann.

4. Infheistíochtaí i modhanna iompair lena n-úsáid ag an tairbhí in earnáil na beachaireachta nó le haghaidh margú nó dáileadh ag an eagraíocht táirgeoirí.

5. Costais oibriúcháin na n-earraí arna bhfruiliú.

6. Caiteachas atá nasctha le conarthaí léasaithe (cánacha, ús, costais árachais, etc.) agus le costais oibriúcháin.

7. Conarthaí fochonraitheoireachta nó seachfhoinsithe a bhaineann leis na hoibríochtaí nó leis an gcaiteachas a luaitear fúthu nach bhfuil siad incháilithe ar an liosta sin.

8. Aon cháin náisiúnta nó réigiúnach nó aon tobhach fioscach.

9. Ús ar fhiachas ach amháin i gcás ina ndéantar an ranníocaíocht i bhfoirm eile seachas cúnamh díreach neamh-inaisíoctha.

10. Infheistíochtaí i scaireanna nó i gcaipiteal cuideachtaí más infheistíocht airgeadais í an infheistíocht.

11. Na costais a thabhaíonn páirtithe eile seachas an tairbhí, an eagraíocht táirgeoirí nó a gcomhaltaí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó a gcomhaltaí ar táirgeoirí iad nó fochuideachta nó eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7), nó faoi réir formheas Ballstáit, ag comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí.

12. Idirghabhálacha nach ndéantar ar ghabháltais agus/nó ar áitribh na heagraíochta táirgeoirí, an chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, nó a gcomhaltaí ar táirgeoirí iad, nó fochuideachta, nó eintitis laistigh de shlabhra fochuideachtaí de réir bhrí Airteagal 31(7), nó atá faoi réir formheas Ballstáit, ag comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí.

13. Idirghabhálacha arna seachfhoinsiú nó arna gcur chun feidhme ag an tairbhí, an eagraíocht táirgeoirí lasmuigh den Aontas, seachas cineál idirghabhála a bhaineann le cur chun cinn, cumarsáid agus margaíocht amhail dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115.

CUID II

In earnáil an fhíona

1. Bainistiú laethúil ar fhíonghoirt

2. Cosaint ar dhamáiste ó ghéim, ó éin nó ó chlocha sneachta.

3. Fálta fothana agus ballaí cosanta gaoithe a thógáil.

4. Cabhsáin agus ardaitheoirí.

5. Tarracóirí nó aon chineál feithiclí iompair a cheannach.

6. Fíonghoirt ionfhabhtaithe a ghrafadh agus caillteanais ioncaim tar éis grafadh éigeantach ar chúiseanna sláinte nó fíteashláintíochta.

IARSCRÍBHINN III

Liosta de chineálacha caiteachais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 22(3)

1. Costais shonracha do na nithe seo a leanas:

   — bearta feabhsaithe cáilíochta;

   — ábhair bhitheolaíocha cosanta plandaí (amhail fearamóin agus creachadóirí) bídís á n-úsáid i dtáirgeadh orgánach, comhtháite nó traidisiúnta;

   — idirghabhálacha agra-chomhshaoil-aeráide dá dtagraítear in Airteagal 12;

   — táirgeadh orgánach, comhtháite nó turgnamhach, lena n-áirítear costais shonracha na síolta agus na síológ orgánach;

   — faireachán ar chomhlíontacht leis na caighdeáin dá dtagraítear i dTeideal II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011, leis na rialacha maidir le sláinte plandaí agus leis an uasleibhéal iarmhar.

   Ciallóidh costais shonracha na costais bhreise, arna ríomh mar an difríocht idir na costais táirgthe thraidisiúnta agus na costais iarbhír a tabhaíodh, agus ioncam ligthe thar ceal de thoradh gníomhaíocht lena ndéantar ioncam breise agus coigilteas costais a eisiamh.

2. Táirgí íocshláinte tréidliachta chun ionróirí coirceog beach agus galair ar bheacha a chóireáil.

3. Costais a bhaineann le hathstocáil coirceog beach agus pórú beach.

4. Innealra agus trealamh a cheannach chun táirgeadh agus bailiú meala a fheabhsú.

5. Costais riaracháin agus phearsanra a bhaineann le cur chun feidhme clár oibríochtúil nó leis na hidirghabhálacha ábhartha, lena n-áirítear tuarascálacha, staidéir, costais maidir le cuntais a choimeád agus a bhainistiú, muirir éigeantacha atá nasctha le pá agus le tuarastail i gcás inarb é an tairbhí, fochuideachtaí nó eintiteas laistigh de shlabhra fochuideachtaí a íocann iad go díreach de réir bhrí Airteagal 31(7), nó, faoi réir formheas Ballstáit, i gcás ina n-íocann comharchumann atá ina chomhalta d'eagraíocht táirgeoirí iad.

6. Ceannach talaimh nár tógadh air i gcás ina bhfuil gá lena cheannach chun infheistíocht a dhéanamh atá ar áireamh sa chlár oibríochtúil ar choinníoll go gcosnaíonn sé níos lú ná 10 % den chaiteachas incháilithe ar fad ar an oibríocht lena mbaineann. I gcásanna eisceachtúla agus a bhfuil údar cuí leo, féadfar céatadán níos airde a shocrú le haghaidh oibríochtaí a bhaineann le caomhnú an chomhshaoil.

7. Sócmhainní inláimhsithe a cheannach nó a léasú, lena n-áirítear sócmhainní inláimhsithe athláimhe, ar choinníoll nár ceannaíodh iad le tacaíocht ón Aontas nó le tacaíocht náisiúnta i dtréimhse 5 bliana roimh í a cheannach nó a léasú laistigh de theorainn mhargadhluach glan na sócmhainne inláimhsithe.

8. Sócmhainní fisiciúla a fhruiliú i gcás ina bhfuil údar cuí eacnamaíoch leis sin mar rogha mhalartach ar cheannach, ar fhormheas an Bhallstáit.

9. I gcás na n-earnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (d), (e) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/2115, infheistíochtaí i bhfeithiclí iompair i gcás ina dtugann an eagraíocht táirgeoirí údar cuí don Bhallstát lena mbaineann gur chun críoch iompair inmheánaigh chuig áitreabh na heagraíochta táirgeoirí a úsáidtear an fheithicil iompair; agus infheistíochtaí i saoráidí breise atá feistithe ar an bhfeithicil le haghaidh fuarstórála nó iompair atmaisféir rialaithe.

10. Infheistíochtaí i scaireanna nó i gcaipiteal cuideachtaí lena rannchuidítear go díreach le spriocanna an chláir oibríochtúil a bhaint amach.

IARSCRÍBHINN IV

Ráiteas maidir le pacáistiú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 25(3), pointe (a)

— Продукт, предназначен за безвъзмездно разпределяне (Делегиран регламент (ЕС) 2022/126)

— Producto destinado a su distribución gratuita [Reglamento Delegado (UE) 2022/126]

— Produkt určený k bezplatné distribuci (nařízení v přenesené pravomoci (EU) 2022/126)

— Produkt til gratis uddeling (delegeret forordning (EU) 2022/126)

— Zur kostenlosen Verteilung bestimmtes Erzeugnis (delegierte Verordnung (EU) 2022/126)

— Tasuta jagamiseks mõeldud tooted [delegeeritud määrus (EL) 2022/126]

— Προϊόν προοριζόμενο για δωρεάν διανομή [κατ'εξουσιοδότηση κανονισμός (ΕΕ) 2022/126]

— Product for free distribution (Delegated Regulation (EU) 2022/126)

— Produit destiné à la distribution gratuite [règlement délégué (UE) 2022/126]

— Proizvod za besplatnu distribuciju (Delegirana uredba (EU) 2022/126)

— Prodotto destinato alla distribuzione gratuita [regolamento delegato (UE) 2022/126]

— Produkts paredzēts bezmaksas izplatīšanai [Deleģētā regula (ES) 2022/126]

— Nemokamai platinamas produktas (Deleguotasis reglamentas (ES) 2022/126)

— Ingyenes szétosztásra szánt termék ((EU) 2022/126 felhatalmazáson alapuló rendelet)

— Prodott għad-distribuzzjoni bla ħlas (Ir-Regolament Delegat (UE) 2022/126)

— Voor gratis uitreiking bestemd product (Gedelegeerde Verordening (EU) 2022/126)

— Produkt przeznaczony do bezpłatnej dystrybucji [Rozporządzenie delegowane (UE) 2022/126]

— Produto destinado a distribuição gratuita [Regulamento Delegado (UE) 2022/126]

— Produs destinat distribuirii gratuite [Regulamentul delegat (UE) 2022/126]

— Výrobok určený na bezplatnú distribúciu [delegované nariadenie (EÚ) 2022/126]

— Proizvod, namenjen za prosto razdelitev (Delegirana uredba (EU) 2022/126)

— Ilmaisjakeluun tarkoitettu tuote (delegoitu asetus (EU) 2022/126)

— Produkt för gratisutdelning (delegerad förordning (EU) 2022/126)

— Táirge lena dháileadh saor in aisce (Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126)

IARSCRÍBHINN V

Uasmhéideanna tacaíochta do tharraingt siar ón margadh dá dtagraítear in Airteagal 26(1) agus (4), an chéad fhomhír

Táirgí	Uastacaíocht (EUR/100 kg)	
	Dáileadh saor in aisce	Cinn scríbe eile
Cóilis	21,05	15,79
Trátaí (arna dtarraingt siar ón 1 Meitheamh go dtí an 31 Deireadh Fómhair)	7,25	7,25
Trátaí (arna n-aistarraingt ón 1 Samhain go dtí an 31 Bealtaine)	33,96	25,48
Úlla	24,16	18,11
Fíonchaora	53,52	40,14
Aibreoga	64,18	48,14
Neachtaíríní	37,82	28,37
Péitseoga	37,32	27,99
Piorraí	33,96	25,47
Ubhthorthaí	31,2	23,41
Mealbhacáin	48,1	36,07
Mealbhacáin uisce	9,76	7,31
Oráistí	21,00	21,00
Mandairíní	25,82	19,50
Cleimintíní	32,38	24,28
Satsúmaí	25,56	19,50
Líomóidí	29,98	22,48

IARSCRÍBHINN VI

Ceanglais íosta maidir le haistarraingtí táirgí dá dtagraítear in Airteagal 29(2)

1. Is éard a bheidh sna táirgí:
   — táirgí iomlána, nuair is amhábhair úra atá i gceist,
   — táirgí slána; i gcás táirgí a bhfuil lobhadh nó meath orthu a fhágann go bhfuil siad mí-oiriúnach lena gcaitheamh, déanfar iad a eisiamh,
   — táirgí glana, atá saor geall leis ó aon ábhar coimhthíoch infheicthe,
   — táirgí atá saor ó lotnaidí a bheag nó a mhór agus ó dhamáiste a rinne lotnaidí nuair is infheidhme,
   — táirgí atá saor ó thaise mínormálta,
   — táirgí atá saor ó aon bhlas coimhthíoch nó ó bholadh.

2. Ní mór na táirgí a bheith oiriúnach lena margú agus lena dtomhailt, iad forbartha go leordhóthanach agus aibí i gcás inarb infheidhme, agus a ngnáth-shaintréithe á gcur san áireamh.

3. Ní mór saintréithe an chineáil nó an chineáil tráchtála nó na cáilíochta a bheith iontu i gcás inarb infheidhme.

IARSCRÍBHINN VII

Na costais chóirúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33

Táirge	**Costais sórtála agus pacála (EUR/t)**
Úlla	187,70
Piorraí	159,60
Oráistí	240,80
Cleimintíní	296,60
Péitseoga	175,10
Neachtairíní	205,80
Mealbhacáin uisce	167,00
Cóilis	169,10
Táirgí eile	201,10